Nollaig 2007

imleabhar 9 – eagrán 4

COURTS SERVICE NEWS

Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna

Athbhreithniú ar 2007

Fócas ar fhinnéithe leanaí

Cuardach na hArd-Chúirte ar fáil ar-líne

NOLLAIG SHONA

www.courts.ie

gné-ailt

15 **Seirbhís ghiúiré…**
cad atá ar siúl in Éirinn agus ar fud an domhain?

16-17 **Fócas ar fhinnéithe leanaí**

20-21 **Athbhreithniú ar 2007…**
buaicphointí na bliana seo a chuaigh thart

nuacht

5 **Suirbhé léitheora…**
cad a cheapann tú faoi *Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna*

8 **Siopadóir mistéireach…**
seirbhís custaiméara faoin spotsolas

9 **Tionscadal Tuairisce faoin Dlí Teaghlaigh…**
Tuarascáil agus moltaí atá foilsithe

10-11 **Cruinníonn Bord na Seirbhíse Cúirteanna i dTulach Mór…**
nuacht ar dhámhachtain don teach cúirte san áireamh

12-13 **Athbhreithniú ar an gClár Tógála Caipitil…**
cad a bhí ar siúl in 2007

14 **Cuardach na hArd-Chúirte ar líne…**
rochtain ar thaifid 24/7.

18 **An Ard-Chúirt i gCaisleán an Bharraigh…**
ionad eile curtha leis an liosta síorfairsingíoch

19 **Comhdháil um Theicneolaíocht Cúirteanna in Florida…**
seirbhís custaiméara ar nós na S.A.

22 **Cumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí…**
ag ceiliúradh 80 bliain

Is í Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna iris na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcaidh ná beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, litreacha san áireamh.
An Fhoireann Léirithe:
An tEagarthóir: Helen Priestley
An Fhoireann Eagarthóireachta: Tony Lawlor
Catriona Nangle
Catherine O'Leary
Gerry Curran
Luke O'Neill

Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,
An Oifig Faisnéise,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 01-888 6459, Facs: 01-8735250

Ríomhphost: co'leary@courts.ie
Láithreán Gréasáin: http://www.courts.ie

Arna dhearadh ag Journeyman Productions
Digital Depot, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8

Arna chur i gcló ag Brunswick Press Ltd.,
Aonad B2, Eastát Tionsclaíoch Bluebell, Baile Átha Cliath 12

Dúirt mé leat nach raibh an Nollaig i bhfad uainn! Tá bliain eile curtha isteach againn.

Fáilte chuig eagrán na Nollag de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Mar is iondúil an t-am seo den bhliain, déanaimid athbhreithniú ar fhorbairtí a tháinig ar an Seirbhís agus ar imeachtaí a tharla i rith na 12 mhí seo a chuaigh thart. Ar leathanaigh 12 agus 13 féachaimid ar fhorbairtí san earnáil tógála agus gheobhaidh tú amach faoi fhorbairtí eile agus faoi imeachtaí sóisialta ar leathanaigh 20 agus 21.

Baineann ár príomh gné-ailt (leathanaigh 15 go 17) le finnéithe leanaí agus feabhsuithe do ghiúróirí.

In eagráin Mhárta agus Mheithimh, d'iarramar ort suirbhé léitheoirí a líonadh amach. Tá na torthaí ar leathanach 5. Táimid thar a bheith sásta le méid na bhfreagraí (maithe agus dona araon!) a fuarthas agus beimid ag iarraidh cuid de na moltaí a fuarthas a thabhairt isteach san Athbhliain. Míle buíochas do gach éinne a chomhlánaigh an suirbhé. Ar leathanach 8 tá torthaí shuirbhé an "Siopadóir Mistéireach" a rinneadh níos luaithe i rith na bliana.

Mar is eol do chuid mhaith agaibh cailleadh Michael Moriarty (a bhí le hOifig na gCoimircí Cúirte le déanaí) go tobann i mí Mheán Fómhair. I rith na mblianta roimhe seo léirímis cartún le Michael in eagrán na Nollag. In ómós dó, tá rogha de chartúin leis a bhí in eagráin roimhe seo ar leathanaigh 26 agus 27 den eagrán seo.

Thar ceann foireann *Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna* ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd uile a chuir leis an iris i rith na bliana agus guímid Nollaig faoi shéan agus Athbhliain faoi mhaise ar ár léitheoirí go léir.

Tony Lawlor

gné-ailt rialta

6-7 Cleachtas agus Nós Imeachta

25 Ceapacháin Bhreithiúnacha

25-27 Scéala Báis na mBall Foirne

28 Cuairteoirí

29-30 Scor na mBall Foirne

31 Léirmheas Saoire: *Sciáil san Ostair*

32 Léirmheas Scannáin: *The Golden Compass*

33 Léirmheas Leabhair: *No Surrender Here*

33-34 Nuacht ón gClub Sóisialta

35 Comórtas: *Tráth na gCeist ar Cheol*

36 Tríd an Lionsa

Beannachtaí na Féile

Is é seo an t-am den bhliain chun a bheith buíoch as an méid atá tugtha dúinn agus seachanta againn mar dhaoine aonair agus mar phobal thar tréimhse an 12 mhí seo a chuaigh thart. Is é seo an t-am chun a bheith ag súil lenár scíth a ligean, rud atá tuillte againn agus leis na hábhair seachráin a thagann leis an sos saoire seo.

Mar Phríomh-Bhreitheamh táim feasach ar na hiarrachtaí a bhaineann le hoibriú an chórais cúirteanna ar fud na tíre. Cinntíonn mo ról mar chathaoirleach ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna go bhfuil mé ar an eolas faoin iarracht a bhíonn de dhíth agus a dhéantar ag baill foirne na Seirbhíse. Gabhaim buíochas thar mo cheann féin agus thar ceann an Bhoird le gach éinne as ucht rath mór na bliana seo a chuaigh thart.

Tugtar tacaíocht do na hiarrachtaí seo le comhoibriú na ngrúpaí éagsúla agus na ndaoine aonair a chomhdhéanann an pobal dlí agus ceartais. Is mór an buíochas uainn atá tuillte ag na cleachtóirí dlí, ag an bpobal acadúil, ag an nGarda Síochána, ag an tSeirbhís Phromhaidh, ag grúpaí taca d'íospartaigh agus ag úsáideoirí cúirte uile as ucht a gcuid iarrachtaí chun oibriú éifeachtach a chinntiú dár gcórais dlí agus cúirteanna, agus an cúnamh sin a thabhairt le tuiscint daonnachta, a dtugann an Nollaig i gcuimhne dúinn gur chóir di a bheith mar dhiminsean inár saolta i gcónaí.

Guím beannachtaí na féile agus Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise thar mo cheann féin agus thar ceann Bhord na Seirbhíse Cúirteanna le gach éinne.

John L. Murray, An Príomh-Bhreitheamh

Nollag faoi shéan agus faoi mhaise daoibh

Tugann an Nollaig deis dúinn sos a ghlacadh, ár scíth a ligeann agus taitneamh a bhaint as comhluadar ár muintir agus ár gcairde agus muid ag druidim le deireadh bliana eile.

Ó thaobh na hoibre de, is am é chun féachaint siar ar an mbliain agus breithniú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach againn. Bhí 2007 ina bhliain eile díchill don tSeirbhís Cúirteanna a raibh éachtaí mórthaibhseacha agus seirbhís feabhsaithe dóibh siúd a bhaineann úsáid as na cúirteanna in Éirinn de thoradh uirthi. Tá ár gclár oibre uaillmhianach i gcónaí; tugann sé dúshlán dúinn bealaí nua a aimsiú chun an tseirbhís a chuirimid ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as na cúirteanna a fheabhsú.

Tá méid mór bainte amach againn ó thús ár dtriall in 1999. Tá méid mór den mhéid atá bainte amach againn de thoradh tiomantais, obair dhian agus tacaíocht leanúnach méid mór daoine. San áireamh tá ár mBord, mbreithiúna, ár mbaill foirne, an ghairm dlí, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus a bhaill foirne, ranna rialtais eile, na gníomhaireachtaí ceartais éagsúla agus roinnt grúpaí tacaíochta.

Mar Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin gabhaim buíochas le gach éinne a chuir le hobair na gcúirteanna in 2007. Táim buíoch as ucht na tacaíochta a fuair mé agus táim ag súil le tuilleadh tacaíochta in 2008.

Guím Nollaig shona faoi shíocháin, sos dea-thuillte agus rath oraibh do 2008.

P.J. Fitzpatrick, POF

Ag gairm gach cleachtóir!

Faigh do Threoracha Cleachtais ar líne

Féach ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna (www.courts.ie) don aon fhoinse amháin de threoracha cleachtais ar líne don Chúirt Uachtarach, don Ard-Chúirt, don Chúirt Chuarda agus don Chúirt Dúiche. Cuirtear treoracha nua ar bith isteach de réir mar a thagann siad ar fáil agus baintear seanthreoracha chomh luath agus a dhéantar athsholáthar orthu.

Chun iad a aimsiú, téigh go dtí rannán na dTreoracha Cleachtais den láithreán gréasáin. Roghnaigh an chúirt ábhartha nó pioc topaic. Tá uimhir thagartha ar na treoracha go léir, is é an uimhir is airde an ceann is déanaí sa chúirt sin. Chomh luath agus atá an treoir atá uait aimsithe agat déan cliceáil don leagan in-chlóbhuailte.



Suirbhé léitheoirí na hirise: Bhur bhfreagraí

Tá an tóir chéanna ar Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna mar a bhí riamh. Maidir lena sprioc-léitheoirí, ceapann 65% den fhoireann, 63% de chleachtóirí dlí agus breis agus 90% den phobal i gcoitinne go bhfuil sé an-mhaith nó ar fheabhas. Bhí na freagraí maidir lenár suirbhé ábhar an-shuimiúil agus thug sibh le fios dúinn cad iad na rudaí gur maith libh iad, na rudaí a bhfuil tuilleadh díobh ag teastáil uaibh agus na rudaí nach raibh chomh cúntach.

D'aontaigh 100% de na gairmithe dlí a thug freagra don tsuirbhé gur fheabhsaigh Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna an chumarsáide idir an tSeirbhís, fhoireann na seirbhíse agus úsáideoirí cúirte, agus chreid 92% den fhoireann an rud céanna.

D'aontaigh 95% den fhoireann go bhfuil an iris faisnéisiúil agus suimiúil, agus 88% de chleachtóirí dlí ag tacú leis an tuairim sin. Creideann 88% de dhlíodóirí agus 98% den fhoireann go bhfuil sé leagtha amach go maith agus gur rud tarraingteach é chun féachaint air, agus creideann 84% den fhoireann go bhfuil cothromaíocht mhaith ann idir ábhair shiamsúla agus thromchúiseacha. Ba ionann an tuairim seo agus tuairim 88% de na cleachtóirí dlí.

Cineálacha alt

Léitear nuacht na foirne cosúil le ceapacháin agus scoir i gcónaí ag 38% de dhlíodóirí, ag 25% ar uairibh agus ní léitear a leithéid d'ailt ag an bhfuílleach ach amháin go hannamh. I measc na foirne léann 68% na hailt seo i gcónaí ach ní léann 21% iad ach ar uairibh. Deireann 3% nach léann siad é ar chor ar bith.

Léigh 81% den fhoireann agus 63% de dhlíodóirí ábhair faoi athrú eagrúcháin agus léigh 89% de dhlíodóirí agus 76% den fhoireann i gcónaí nó ar uairibh faoi thionscadail foirgníochta cúirte agus faoi stair.

Léigh 68% den fhoireann faoi fhorbairtí seirbhíse poiblí níos leithne – figiúir a buaileadh i measc dlíodóirí áit a léiríonn 87% dár léitheoirí i measc na ngairmeacha gur léigh siad ailt dá leithéid.

Léitear gné-ailt agus agallamh ag 82% de dhlíodóirí agus ag 78% den fhoireann, agus tarraingíonn ailt shóisialta agus phearsanta súile 90% den fhoireann agus 75% de léitheoirí gur dlíodóirí iad.

Smaointí d'eagráin agus d'ailt amach anseo

I measc na moltaí ónár léitheoirí dlí le haghaidh alt amach anseo bhí:

- Ailt faoi bhotúin choitinne a dhéantar
- ag cleachtóirí ar thug pearsanra na Seirbhíse Cúirteanna faoi deara iad. Cén chaoi is fearr an láithreán gréasáin a úsáid
- Conas iarratais a dhéanamh le hoifigí cúirte
- áirithe (m.sh. Oifig na gCoimircithe Cúirte) Breithiúna ar scor ag míniú na hathruithe

atá feicthe i bhfeidhm acu San áireamh le moltaí ón bhfoireann le haghaidh alt amach anseo bhí (gan ord ar bith orthu):

- fhorbairtí/thionscnaimh laistigh de na Stiúrthóireachtaí s'acu tuilleadh faisnéis faoi imeachtaí
- sóisialta agus oiliúna na bhfoirne ailt a chuirtear isteach ag léitheoirí
- próifílí na bhfoirne aonair ó gach réimse
- na Seirbhíse Cúirteanna tuilleadh faisnéise faoi na rannóga/oifigí
- éagsúla sa tSeirbhís Cúirteanna agus chomh maith leis sin, naisc le gníomhaireachtaí/heagraíochtaí lasmuigh
- nuacht réigiúnach
- foirgnimh theach na cúirte
- ailt ar reachtaíocht nua

Céard nach maith leat i Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Léirigh roinnt léitheoirí foirne mian go mbeadh méid níos lú alt faoi:

- saincheisteanna scoir
- breithiúna
- níos lú faoi dhaoine feidhmiúcháin agus tuilleadh faoi

Léirigh léitheoirí gur cleachtóirí dlí iad mian go mbeadh níos lú alt ar thurais scoile chuig foirgnimh na cúirte agus faoi chúrsaí oiliúna a rinneadh.

Míle buíochas leo siúd go léir a ghlac páirt – agus leis an duine a léirigh mian go mbeadh méid níos lú irisí cúirte ann – agus sin a bhfuil faoi.











Cleachtas agus Nós Imeachta

TREORACHA CLEACHTAIS TAG SC14 NA CÚIRTE UACHTARAÍ

Achomhairc faoi alt 29(2) den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924, (arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 agus leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007)

Baineann Alt 29 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 ("an tAcht") le hachomhairc faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí ó chinntí de chuid na Cúirte Achomhairc Choiriúil maidir le hachomharc ar bith nó le hábhar ar bith eile. Rinneadh ionadú ar Alt 29 den Acht le halt 22 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 agus rinneadh tuilleadh leasaithe air le halt 59 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, a tháinig i bhfeidhm ar an 18ú lá de mhí na Bealtaine 2007.

Ar feitheamh theacht i bhfeidhm rialacha na cúirte a rialaíonn go mion nós imeachta a leithéid d'achomhairc, tá an nós imeachta atá leagtha amach sa treoir chleachtais seo le húsáid i ngach achomharc dá leithéid a dhéantar i ndiaidh an dáta seo.

Áit a ndéantar achomharc leis an gCúirt Uachtarach de réir ailt 29(2) den Acht seo, déanfaidh an t-achomharcóir fógra achomhairc a sheirbheáil ar an ionchúisitheoir agus taiscfidh sé an teastas bunaidh maidir leis an bpointe dlí de thábhacht phoiblí ar leith atá bainteach in Oifig Chláraitheoir na Cúirte Uachtaraí agus é ag déanamh an fógra achomhairc a thaisceadh de réir Ordaithe 58, riail 11.

Áit a ndéantar achomharc leis an gCúirt Uachtarach de réir ailt 29(2) den Acht seo, déanfaidh an t-achomharcóir fógra achomhairc maille le cóip den teastas maidir leis an bpointe dlí de thábhacht phoiblí ar leith atá bainteach, a sheirbheáil ar an gcúisí atá i gceist agus taiscfidh sé an bunchóip de theastas dá leithéid in Oifig Chláraitheoir na Cúirte Uachtaraí agus é ag déanamh an fógra achomhairc a thaisceadh de réir Ordaithe 58, riail 11.

I gceachtar den dá chás, sonróidh an fógra achomhairc an t-ordú(na horduithe) agus an cinneadh (na cinntí) atá á lorg, leagfaidh sé amach na forais achomhairc agus cuirfidh sé ráiteas san áireamh gur dheimhnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an tArd-Aighne nó de réir an cháis, an Stiúrthóir Ionchúisimh Poiblí go mbaineann cinneadh na Cúirte Achomhairc Choiriúil le pointe dlí de thábhacht phoiblí ar leith agus go mbeadh sé chun sochar an phobail dá dtógfadh an t-achomharcóir achomharc chuig an gCúirt Uachtarach.

I gcás achomhairc ar bith faoi alt 29(2) nó alt 29(3) den Acht, gur mian leis an achomharcóir de réir alt 29(5A) an Achta cinneadh a lorg maidir le cuid ar bith de chinneadh na Cúirte Achomhairc Choiriúil atá i gceist seachas pointe dlí de thábhacht phoiblí ar leith atá mar ábhar teastais, sonróidh an fógra achomhairc cuid eile den chinneadh atá i gceist, agus an cinneadh atá á lorg sa chuid seo. Cuirfidh an t-achomharcóir iarratas isteach go dtí an Chúirt Uachtarach, le foriarratas ar fhógra le gach duine eile atá i dteideal a bheith cloiste, d'ordú a thugann cead go n-éistfí le hargóint agus le cinneadh maidir leis an gcuid seo.

I gcás achomhairc de réir alt 29(3) an Achta, go bhfuil sé i gceist ag an gcúisí achomharc a bheith cloiste aige, tabharfaidh sé nó a ionadaí dlí fógra i scríbhinn maidir lena intinn do Chláraitheoir na Cúirte Uachtaraí tráth nach déanaí ná ceithre lá déag i ndiaidh seirbheála an fhógra achomhairc air, agus cóip de fhógra dá leithéid a thabhairt don achomharcóir laistigh den tréimhse chéanna.

I gcás achomhairc ar bith faoi alt 29(2) nó alt 29(3) den Acht seo, i gcás teastais a eisítear i ndiaidh dháta na treorach seo, seirbheálfar an fógra achomhairc tráth nach déanaí ná aon lá is fiche ó eisiúint teastais dá dtagraítear dó in alt 29(2) nó alt 29(3) den Acht seo, de réir mar a bheidh. I gcás ar bith eile ina n-eisítear an teastas roimh dháta na treorach seo gan sheirbheáil an fhógra achomhairc, seirbheálfar an fógra achomhairc laistigh d'aon lá is fiche sula gcuirfear an treoir in iúl do na páirtithe seo.

Is féidir leis an gCúirt Uachtarach, i gcás iarratais a dhéanann páirtí maidir le fógra do gach duine eile atá i dteideal a bheith cloiste, i gcás a fhoriarratas féin, orduithe a dhéanamh agus a leithéid de threoracha a thabhairt maidir le reáchtáil achomhairc faoi alt 29(2) nó alt 29(3) den Acht de réir mar atá iomchuí.

In achomharc faoi alt 29(3) den Acht, déanfar ordú a shannfaidh comhairle faoi alt 29(5) den Acht seo, áit nach bhfuil ceachtar den imthosca dá dtagraítear dóibh in (a) nó (b) d'alt 29(5) an Achta, ar iarratas a luaitear in alt 9, é sin nó ag am ar bith le foriarratas na Cúirte Uachtaraí.

I gcás go measann an Chúirt Uachtarach go mbeadh sé inmhianaithe go ndéanfaí ordú dá leithéid nó go dtabharfaí treoir dá leithéid maidir lena fhoriarratas féin agus níl iarratas ar an gcúis sin roimh an gCúirt Uachtarach, is féidir go mbeadh an Chúirt Uachtarach mar chúis le liostú an achomhairc le haghaidh lua agus go ndéanfaí dáta agus am an liostaithe a fhógairt do na páirtithe nó d'ionadaithe dlí d'fhonn éisteacht leis na páirtithe maidir le déanamh a leithéid d'ordú nó a leithéid de threoir a thabhairt.

Cuirfear an treoir chleachtais seo i bhfeidhm ar an 1ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2007 agus fágfar gan éifeacht an treoir chleachtais seo ar theacht i bhfeidhm na rialacha cúirte dá dtagraítear thuas.

John L. Murray, An Príomh-Bhreitheamh,
28ú Meán Fómhair 2007

Rialacha na Cúirte Dúiche

I.R. 727 de 2007 RIALACHA NA gCÚIRTE DÚICHE (GEALTACHT), 2007

Déanann na Rialacha leasú ar Rialacha na Cúirte Dúiche agus cuireann siad Ordú 23A nua leo chun foirmeacha agus nós imeachta maidir leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 a chur ar fáil.

TREORACHA CLEACHTAIS
TAG SC04 NA CÚIRTE UACHTARAÍ

An tAcht um Fhuadach Páistí agus Forfheidhmiú Orduithe Caomhnóireachta, 1991 – Coinbhinsiún na Háige

I ngach cás tar éis an 1ú Deireadh Fómhair 2007 ina dtaisctear fógra achomhairc ó bhreithiúnas de chuid na hArd-Chúirte in imeachtaí faoin Acht thuas, liostálfar an cás lena lua ar an Déardaoin dár gcionn. Ní mór do na cleachtóirí san achomharc bheith in ann a léiriú don chúirt, nuair a ghlaoitear an cás ar an lá sin, na bearta a cuireadh i bhfeidhm le cinntiú go mbeifear in ann an t-achomharc a éisteacht go gasta. Tabharfar treoracha maidir le comhdú aighneachtaí i scríbhinn agus socrófar dáta luath chun achomharc a éisteacht.

Má thaisctear fógra achomhairc i rith na saoire, liostálfar an t-achomharc lena lua ar an gcéad Déardaoin den téarma dár gcionn nó ar dháta eile de réir mar a threorófaí.

Déanann an treoir chleachtais seo athsholáthar ar threoir chleachtais an 17ú Iúil 2003 atá á heisiúint le cinntiú go gcomhlíonfaidh an Stát na forálacha de chuid Choinbhinsiún na Háige a éilíonn go ndéileálfar le himeachtaí faoin gCoinbhinsiún ar bhealach gasta gan mhoill.

John L. Murray, An Príomh-Bhreitheamh, 28ú Meán Fómhair 2007

TREORACHA CLEACHTAIS
TAG CCA05 Na Cúirte Achomhairc Choiriúil

Aighneachtaí i Scríbhinn um Shaincheisteanna Dlí i dtaobh achomharc pianbhreithe

(1) Áit a bhfuil achomharc taiscthe, nó iarratas ar chead achomhairc, in aghaidh pianbhreithe, caithfear aighneachtaí i scríbhinn thar ceann an Iarratasóra nó an Achomharcóra a chomhdú in Oifig na Cúirte Achomhairc Cóiriúla agus iad a sheirbheáil ar Phríomh-Aturnae an Stáit ar a laghad 21 lá roimh an dáta a shocraítear d'éisteacht an iarratais nó an achomhairc luaite.
(2) Ní mór aighneachtaí i scríbhinn thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bheith comhadaithe in Oifig na Cúirte Achomhairc Choiriúil agus a sheirbheáil ar aturnaetha an Iarrthóra nó an Achomharcóra cibé acu atá i gceist laistigh de 14 lá ó dháta seirbhíse den sórt sin nó trí mhainneachtain alt (1) a chomhlíonadh ar a laghad 7 lá roimh an éisteacht.
(3) Is cóir gur achoimre gairid den argóint dlí atá le cur chun tosaigh a bheadh sna haighneachtaí i scríbhinn agus ba chóir go mbeidís seo a leanas iontu mar is cuí, (1) imlíne an mhodha go ndéantar argóint go bhfuil an phianbhreith mícheart i bprionsabal, (2) tagairt do na codanna ábhartha den athscríbhinn fianaise a bhfuiltear ag seasamh air (3) tagairt do fhoráil(eacha) reachtúla ábhartha agus/nó ionstraim(í) reachtúla agus (4) tagairt do na míreanna sa/sna téacsleabhar(air) ábhartha a sheastar orthu agus/nó don chás dlí ábhartha, (5) fachtóirí maolaithe a sheastar orthu. Ní dhéanfaidh an treoir cleachtais seo aon dochar don cheart atá ag an abhcóide aon argóintí breise a thabhairt chun cinn in aighneachtaí ó bhéal a mheastar oiriúnach.
(4) Sa chás nach gcomhlíontar ceachtar de na treoracha mar atá leagtha amach in altanna (1) agus (2) thuas cuirfear an cás ar an liosta le tagairt de chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna nár comhlíonadh na treoracha.
(5) Bainfidh na forálacha thuas mutatis mutandis le hiarratais a dhéanfar thar ceann Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith de bhun Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 agus aighneachtaí mar fhreagra ar aighneachtaí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
(6) In achomharc nó iarratas ar chead achomhairc in aghaidh pianbhreithe áit a bhfuil sé beartaithe seasamh a chur ar an gcothroime nó ar a mhalairt de phianbhreith a gearradh ar chomhchúisí, cuirfear in iúl don Chláraitheoir laistigh de 28 lá ó thaisceadh an fhógra achomhairc ionas gur féidir gach athscríbhinn riachtanach a fháil agus a chur ar fáil don chúirt agus do na páirtithe roimh éisteacht an achomhairc nó an iarratais ar chead achomhairc de réir mar is cuí.

John L. Murray, An Príomh-Bhreitheamh, 1ú Deireadh Fómhair 2007

TREORACHA CLEACHTAIS
TAG HC46 NA HARD-CHÚIRTE

LIOSTA AN ATHBHREITHNITHE BHREITHIÚNAIGH UM TEARMANN AGUS INIMIRCE

Ó Luan an 12ú lá mhí na Samhna, 2007 beidh Cláraitheoir an Liosta Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh um Thearmann agus Inimirce ar fáil ar an Luan ó 12 meánlae go dtí 12.30 i gCúirt an Mháistir (mura bhfuil a mhalairt sonraithe sa Dialann Dlí) chun na toilithe seo a leanas a ghlacadh maidir le liosta foriarratas na cúirte roimh 2 i.n. ar an lá sin:

- Arna gcur ar atráth gan ordú ar bith eile
- Atrátha le síneadh ama chun comhdú a dhéanamh
- ar mhionnscríbhinn (ach amháin nuair atá "unless order" déanta ag an gCúirt maidir le mionnscríbhinn).
- Scrios amachgan ordú ar bith eile
- Aistrigh go dtí an liosta chun dátaí a shocrú (le ham éisteachta réamh-mheasta)
- Ní ceadmhach don Chláraitheoir toilithe a thógáil maidir le síneadh ama do chomhdú na bhfógraí freasúra in iarratais iar-fhágála. Tá ordú cúirte de dhíth dóibh seo.

Nuair atá toiliú ag teacht maidir leis na ceisteanna thuas, caithfear iarratas a dhéanamh ar an gCláraitheoir. D'fhéadfaí pionós i gcostais a ghearradh ar dhlíodóir ar bith a theipeann air/uirthi toiliú a lorg ón dlíodóir freasúra roimh an Luan ábhartha nó a dhiúltaíonn go míréasúnta toiliú a thabhairt, agus go bhfanann an cheist ar liosta foriarratais na cúirte gan gá ag 2 i.n. 'Séard atá beartaithe leis an treoir chleachtais seo ná go laghdófaí an t-am breithiúnach a chaitear ar cheisteanna go bhféadfaí teacht ar chomhaontú fúthu idir na cleachtóirí éagsúla. Chuige seo a éascú:

- Ba chóir do gach ráiteas forais ainm an abhcóide a chuimsiú nuair atá siad socraithe ag abhcóide; agus
- Ba chóir d'ainm an dlíodóra faoi leith atá freagrach don iarratas a bheith in éineacht le gach páipéar a dhéantar a sheirbheáil chomh maith leis an seoladh ríomhphoist pearsanta nuair a úsáidtear a leithéid.

Richard Johnson, Uachtarán na hArd-Chúirte, 31 Deireadh Fómhair, 2007

An éan a bhí ann? An eitleán a bhí ann? Ní hea - is siopadóir mistéireach a bhí ann…



Beidh cuimhne ag léitheoirí gur leagamar amach pleananna na Seirbhíse Cúirteanna i Meitheamh 2006, le bheith rannpháirteach i suirbhé 'siopadóireachta mistéirigh'. Cén chaoi a ndeachaigh sé mar sin? Agus cad a fuarthas amach faoinár seirbhís do chustaiméirí? Nochtaíonn Nuala McLoughlin gach rud:

Rinne Millward Brown IMS an suirbhé a chomhlíonadh. 'Sé an sainchúram a bhí orthu ná 100 'siopa mistéireach' a stiúradh, ag baint leasa as cuairteanna duine le duine chuig oifigí cúirte agus suirbhé beag teileafóin agus ríomhphoist.

Roghnaigh Millward Brown na hoifigí a tugadh cuairt orthu go neamhspleách agus go randamach, faoi réir choinníll amháin sa chonradh go dtugfaí cuairt ar oifigí de mhéideanna éagsúla agus mórthimpeall na tíre. Níor tugadh rabhadh roimh ré don 35 oifig a tugadh cuairt orthu agus tugadh cuairt ar gach oifig faoi dhó, le cinntiú nach mbeadh éifeacht ag fadhbanna aon uaire ar bith a bheadh i gceist, mar droch-thuarascáil ina iomláine. Sé croílár na suirbhéanna siopadóireachta mistéirigh ná neamhainmníocht.

> **"Thuairiscigh 96% go raibh ár bhfoireann gairmiúil agus nósmhar, 91% go raibh an fhoireann cúirtéiseach and thuairiscigh 88% gur thug an fhoireann a bhí ag déileáil leo muinín dóibh san idirbheartaíocht… Tuairiscíodh aiseolas dearfach ó gach duine"**

D'fhreagair na taighdeoirí 28 ceist faoi gach oifig a thugadar cuairt orthu agus rinneadar measúnú ar scála 1 (an-dona) go dtí 5 (an-mhaith). Tá torthaí an tsuirbhé anois curtha faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Sinsearaigh (FBS), an Lár-Choiste Comhpháirtíochta agus Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Bhí an measúnú fíor-dearfach don siopadóir mistéireach duine le duine, cé nach raibh an méid céanna fíor don suirbhé teileafóin agus ríomhphoist. Ina iomláine, bhí Millward Brown den tuairim go raibh comparáid fábharach eadrainn agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach, a rinne suirbhéanna cosúil leo a chomhlíonadh.

I measc na gceisteanna a clúdaíodh: cé chomh éasca agus a bhí sé leis an bhfoirgneamh a lonnú, oifig a aimsiú laistigh den bhfoirgneamh agus tosca comhshaoil cosúil le bruscar, graifítí, glaineacht na n-urlár, infhaighteacht na mboscaí bruscair, rochtain ar leithris phoiblí, suíochánra sna limistéir feithimh, taispeáint na mbileoga faisnéise don tSeirbhís Chúirteanna, agus rochtain ar theirminéil chuardaigh poiblí agus innéacsanna dóibh siúd a bhfuil suim acu i bhféinchúnamh.

Cuid an-tábhachtach den suirbhé na measúnú na foirne a rinne déileáil le taighdeoirí. Thuairiscigh 96% go raibh ár bhfoireann gairmiúil agus nósmhar, 91% go raibh an fhoireann cúirtéiseach and thuairiscigh 88% gur thug an fhoireann a bhí ag déileáil leo muinín dóibh san idirbheartaíocht (i.e. bhí fios a gcuid gnóithe acu). Tuairiscíodh aiseolas dearfach ó gach duine. Chomhairligh Millward Brown don FBS go mbeadh ríméad ar mhórlach na n-eagraíochtaí san earnáil phoiblí le scóráil os cionn 70% maidir leis na bearta seo, agus dá réir is dea-thoradh atá anseo.
Mar sin féin, tá obair le déanamh againn maidir le teagmháil theileafóin agus ríomhphoist, cé go raibh an sampla do na suirbhéanna seo fíor-bheag os rud é gurbh é príomhfhócas an tsuirbhé ná measúnú a dhéanamh ar an teagmháil duine le duine.

Bhí cúig déag oifig faoi réir suirbhéanna teileafóin. Thuairiscigh 73% de thaighdeoirí gur freagraíodh an glaoch go pras agus d'airigh 67% nach raibh a nglaoch brostaithe. Ag baint leasa as láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna mar fhoinse do sheoltaí ríomhphoist, sheol Millward Brown ríomhphost chuig cúig déag oifig a roghnaíodh go randamach. D'fhreagair 40% díobh seo a ndearnadh suirbhé orthu go pras, agus táimid anois ag obair leis na bainisteoirí oifige ar fad chun na hamanna freagartha sa réimse seo a fheabhsú, agus díreoimid ar iarrachtaí oiliúna agus bainistíochta sa réimse seo amach anseo. Toisc go raibh an suirbhé teileafóin agus ríomhphoist bunaithe ar shampla beag, tabharfaimid cuairt in athuair ar seo, le sampla níos mó go luath.

Rinne ball sinsearach de Millward Brown agallaimh cháilíochta a stiúradh le hocht gcinn dár bpáirtithe leasmhara, agus fuarthas amach go mbreathnaítear ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna mar dhream cairdiúil agus éifeachtúil, agus chonacthas go raibh na bainisteoirí oifige inrochtana agus sofhreagrach. D'aimsigh na Grúpaí Úsáideoirí a bunaíodh i mBaile Átha Cliath agus ag Bainisteoirí Réigiúnacha ardmholadh, mar a d'aimsigh na háiseanna feabhsaithe sna cúirteanna agus in oifigí na cúirte, chomh maith leis na nuachóirithe cosúil leis an láithreán gréasáin agus TF.

Ag labhairt ar thorthaí an tsuirbhé, dúirt an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, P. J. Fitzpatrick, "níl aon fáth le bheith ró-mhuiníneach, ach tá gach cúis a chreidiúint go bhfuil an tSeirbhís Chúirteanna ag comhlíonadh a gcuid spriocanna agus go bhfuil siad go maith ar an mbealach lena sprioc mar sheirbhís den scoth a bhaint amach".



Tionscadal tuairiscíochta Dlí Teaghlaigh réitithe i gcomhair bliana eile

Tá moltaí ar dhlí teaghlaigh cuimsithe i dTuarascáil a choimríonn an obair maidir leis an tionscadal píolótach bliana ar thuairisciú an dlí teaghlaigh, a chuir an Príomh-Bhreitheamh, John L. Murray, faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Brian Lenihan, an mhí seo caite:

Clé go deas: An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí, Brian Lenihan T.D., Dr. Carol Coulter, An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray ag seoladh na tuarascála ar dhlí teaghlaigh.

Clé go deas: John Coyle (Stiúrthóir TFC), Olive Caulfield (Oifig Thionscadal Ollionaid na gCúirteanna Coiriúla), Diarmaid MacDiarmada (Stiúrthóir Oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche), Vivian Geiran (An tSeirbhís Phrobháide), agus Marie Ryan (Seirbhísí Corparáideacha) ag an seoladh.

Rinne Tionscadal Píolótach Tuarascála an Dlí Teaghlaigh, scríofa ag an Dr. Carol Coulter, roinnt moltaí sa réimse dlí teaghlaigh. Tá Bord na Seirbhísí Cúirteanna tar éis coiste speisialta a bhunú chun na moltaí a thagann faoina dtéarmaí tagartha a chur i bhfeidhm. Rinneadar cinneadh, chomh maith, leanúint leis an tionscadal píolótach ar feadh bliana eile, agus bheadh athbhreithniú le déanamh in athuair ag an bpointe sin. Don chéad bhliain eile, beidh an tionscadal á reachtáil faoi mhaoirseacht Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna – ag baint leasa as painéal de thuairisceoirí abhcóide.

Ba chóir go mbeadh idirghabháil éigeantach i gcásanna dlí teaghlaigh nuair atá leas leanaí mar thosaíocht, a deir moladh amháin. Déanann moladh eile glaoch ar an Rialtas chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le Rannán Cúirte Teaghlaigh den Chúirt Chuarda. Bheadh rannán mar seo bunaithe ar 15 ionad réigiúnach a sholáthar – agus gach ceann acu le hoifigí faisnéise agus áiseanna idirghabhála.

Mhol tuarascáil Dr. Coulter, chomh maith, gur chóir don Aire smaoineamh faoi chead a thabhairt don phreas tuairisciú a dhéanamh ar imeachtaí dlí teaghlaigh, leis an gcoinníoll go ndéanfaí neamhainmníocht na bpáirtithe a chosaint go daingean. I measc na moltaí eile:

- Ó 2009, nó níos luaithe más féidir, ba chóir don tSeirbhís Chúirteanna breithiúnais, cinntí, staitisticí agus tuarascálacha áirithe nó cásanna samplacha a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna
- Ba chóir don tSeirbhís Chúirteanna smaoineamh faoi ionadaí a ainmniú chun comhoibriú leis na hinstitiúidí acadúla ar dhlí teaghlaigh
- Cruthú Rialach na Cúirte nua chun ceadú do bhreithimh treoir a thabhairt sa chúirt dóibh siúd atá ag tuairisciú ar imeachtaí dlí teaghlaigh, go háirithe maidir le conas neamhainmníocht na ndlíthithe a chothabháil
- Ba chóir go n-iarrfaí ar an bPríomh-Oifig Staidrimh a gcuid scrúduithe ar statisticí sa tSeirbhís Chúirteanna a leathnú og dtí dlí teaghlaigh.

Ag labhairt ag an mbronnadh, dúirt an Príomh-Bhreitheamh, an tUasal John L. Murray: "Tá an teaghlach aitheanta ag an Stát i gcónaí mar aonad atá rí-thábhachtach don tsochaí. Tá sé rí-thábhachtach, mar sin, nuair atá cliseadh sna caidrimh teaghlaigh, go háirithe nuair atá leas agus todhchaí leanaí i gceist, go gcinntíonn an Stát go bhfuil córais agus acmhainní i bhfeidhm chun déileáil agus chun réiteach a fháil le/ar c(h)eisteanna tromchúiseacha a eascraíonn ó chúinsí mar seo."

Bhí moltaí ag an tuarascáil ar an gcóras dlí teaghlaigh féin ar leibhéal níos leithne, agus beidh gá breathnú orthu seo laistigh den réimse polaitiúil agus feidhmiúcháin. Áirítear leo sin:

- Nuair atá leas leanaí mar thosaíocht, ba chóir dualgas a bheith ar iarratasóirí líon íosmhéide de sheisiúin idirghabhála a chomhlíonadh, roimh a théann cás i mbun dlíthíochta.
- D'fhéadfaí socraíochtaí idirghafa a thabhairt os comhair na cúirte chun iad a dhéanamh ceangailteach
- Ba chóir do bhainistíocht cáis a bheith bunaithe sa chóras – (is féidir seo a dhéanamh fiú mura bhfuil rannán dlí teaghlaigh bunaithe).

Déanann an dara cuid den tuarascáil 27 moladh ina iomláine, agus tá mórán díobh seo ag tarraingt ar Thuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Chúirteanna Teaghlaigh 1996. Tá gníomhaíocht Rialtais ag teastáil ó cheithre cinn de mholtaí Dr Coulter agus is féidir na cinn eile a chur i bhfeidhm trí athruithe eagraíochtúla.

"Toisc forbairt neamhphleanáilte an chórais dlí teaghlaigh, agus seachas dianiarrachtaí na foirne cúirte agus na mbreitheamh chun seirbhís a sholáthar don phobal, tá liostaí ró-phlódaithe; cásanna, a chuimsíonn cásanna práinneacha maidir le leas leanaí, curtha ar atráth ar feadh seachtainí nó míonna; suíonn cúirteanna déanach san oíche go minic; agus ní féidir le dlíthithe a bheith cinnte, má chuirtear a gcás ar atráth, go n-éisteoidh an breitheamh céanna leis in athuair. Is féidir le cleachtais agus nósanna imeachta athrú ó Dhúiche go Dúiche agus ó Chuaird go Cuaird, a chuireann leis an easpa ginearálta faisnéise faoi conas a oibríonn an córas dlí teaghlaigh." – *Dr Carol Coulter, Samhain 2007*

Cruinníonn Bord na Seirbhíse Cúirteanna i dTulach Mór

An Príomh-Bhreitheamh agus baill an Bhoird ag a gcruinniú sa Tulach Mhór ó chlé go deas: An Breitheamh Patrick Moran, An Breitheamh Flann Brennan, James Martin, Kevin Fidgeon, An Breitheamh Iarfhlaith O'Neill, Uachtarán na hArd-Chúirte Richard Johnson, An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray, An Breitheamh Susan Denham, P. J. Fitzpatrick, Uachtarán na Cúirte Cuarda Matthew Deery, Owen Binchy, Esther Lynch, Liam Farrell agus Uachtarán na Cúirte Dúiche Miriam Malone.

Cheadaigh na saoráidí iontacha sa teach cúirte athchóirithe ar an Tulach Mhór deis iontach do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna gluaiseacht amach ó Bhaile Átha Cliath le déanaí. Rinne an Bord an cruinniú i nDeireadh Fómhair a thionól i gceann de na seomraí nua dea-dheartha. Ba é an dara babhta a chruinnigh an Bord lasmuigh den bpríomhchathair, agus an chéad uair i gCorcaigh tar éis athchóiriú an tí cúirte ansin i 2005.

Bhain baill an Bhoird leas as an ócáid chun casadh leis na breithimh agus leis an bhfoireann áitiúil, agus le súil a chaitheamh ar an dea-obair a comhlánaíodh chun athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh suntasach ón 19ú aois.

Ar thuras den teach cúirte, bhí na saoráidí nua-aimseartha le feiceáil acu sa teach cúirte, cosúil le físnasc agus RP (Ríomhairí Pearsanta) chun torthaí a thaifeadadh, a bhí ag cur feabhais ar éifeachtúlacht na gcúirteanna sa bhaile mór Lártíre seo. Bhí an Príomh-Ailtire don tionscadal athchóirithe, Michael Grace agus an Bainisteoir Réigiúnach Lártíre, Ann Price, i láthair le feabhsuithe eile cosúil le seomraí comhairliúcháin agus feithimh a aibhsiú.

Cuireann an foirgneamh cóiríocht ar fáil don Chláraitheoir Contae agus foireann na Cúirte Cuarda agus don Phríomhchléireach agus foireann na Cúirte Dúiche. Tá a gcuid oifigí ag an Oifig Réigiúnach Lártíre san fhoirgneamh céanna.

Baill de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna le foireann na Seirbhíse Cúirteanna, agus aíonna a tugadh cuireadh dóibh, ar chéimeanna an tí cúirte.

dámhachtain foirgníochta OPUS do Theach Cúirte Thulach Mór

Ó chlé go deas Paul McDonnell (Banc na hÉireann), Ronin Moore (Purcell Construction), Roelie Smit (NMA), Barry Supple (painéal breithiúnais), Michael Grace (NMA), Tom Parlon (Ard-Stiúrthóir ar Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta) leis an dámhachtain ar an oíche.

Tugadh aitheantas don sárobair a comhlánaíodh ar theach cúirte Thulach Mhór le déanaí, nuair a bronnadh Dámhachtain Thógála agus Ailtireachta OPUS orthu. Á reachtáil ón mbliain 2000, rinneadh dámhachtainí OPUS a fhorbairt chun dearadh ailtireachta a chur chun cinn agus onóir a thabhairt do bharr feabhais i dtionscal na tógála.

Bhí an Tulach Mhór mar bhuaiteoir sa chatagóir 'oidhreachta'. Bhí comhluadar maith acu – i measc na mbuaiteoirí eile bhí Carton House in Maigh Nuad agus an Shelbourne Hotel i mBaile Átha Cliath. Mar chuid de phróiseas roghnaithe na mbuaiteoirí sna catagóirí difriúla, scrúdaigh cúigear breitheamh 127 cur i láthair agus roghnaíodh 29 díobh seo le cigireacht a dhéanamh orthu. Bhí an Tulach Mhór i measc na bpáirtithe go raibh d'ádh orthu a bheith ar an ngearrliosta. Dúirt na breithimh faoin teach cúirte ina dtuarascáil: "soláthraíonn sé saoráidí nua agus rochtain uilíoch le breisiú comhaimseartha nua, agus tugann sé an foirgneamh is fearr agus níos mó ar ais don Tulach Mhór".

Ann Price, Bainisteoir Réigiúnach Lártíre agus Shay Kirk, Rannán na nEastát agus na bhFoirgneamh, a bhí i láthair ag an searmanas bronnta ar son na Seirbhíse Cúirteanna. Dúirt na breithimh ar an oíche "dá mbeadh dámhachtain ann do shiúinéireacht, bheadh sí buaite ag an Tulach Mhór". Dúirt Príomh-Ailtire an tionscadail, Michael Grace ó Newenham Mulligan and Associates (NMA) "cuireann sé seo cáilíocht na siúinéireachta in iúl, go háirithe sna seomraí cúirte".

Comhghairdeas le gach duine a bhí rannpháirteach sa tionscadal.

Pobal Thulach Mhór ag tabhairt cuairte ar an teach cúirte nua

Tá foirgneamh iontach ar fáil anois, toisc athchóiriú Tí Cúirte Thulach Mhór, ní hamháin dóibh siúd le gnó cúirte ach do lucht an cheantair go ginearálta. D'iarr muid ar an mBainisteoir Réigiúnach Lártíre, Ann Price, insint dúinn faoi chuid de na cuairteoirí is déanaí:

"Tá fáilte curtha againn chuig an teach cúirte nua roimh mhórán daoine ón gceantar. Bhí sé iontach gach rud a thaispeáint dóibh agus deis a thabhairt dóibh an obair ar fad a rinneadh a thabhairt faoi deara. Agus tá sé iontach a bheith ábalta é seo a dhéanamh in atmaisféar gan strus," a deir Ann a shonraíonn go bhfuil mórán daoine a théann chun na cúirte ag fulaingt teannais agus imní. Níl mórán suime ag daoine atá rannpháirteach i gcás cúirte i bpointí ailtireachta agus is minic nach mbíonn siad i riocht inar féidir leo meas a bheith acu ar na saoráidí nua atá soláthraithe lena n-eispéoireas a dhéanamh níos compordaí. "Tugann na cuairteanna níos sóisialta seo deis dúinn a léiriú don phobal cé chomh iontach agus atá an foirgneamh nua agus a thábhacht mar chuid de ghréasáin an bhaile sa Tulach Mhór."

Tháinig foireann scortha ón gcomhairle bhaile áitiúil ar thuras le déanaí. "Bhí thart ar 60 duine i láthair agus bhí an-scléip acu ag iarraidh a oibriú amach cén áit ina raibh a gcuid sean-oifigí lonnaithe. Thugamar turas dóibh agus léiríomar conas gur féidir seanfhoirgneamh a nuachóiriú." Bhí fir gnó scortha ann chomh maith. "Chuimsíodar seo bainisteoirí bainc agus contae agus bhí mórán ceisteanna acu faoin gcóras cúirte agus conas mar a fheidhmíonn cúrsaí."

Ó chomhlánú an tionscadail athchóirithe, níl cóiríocht curtha ar fáil do shuíonna na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Cuarda amháin, ach do Chúirt an Chróinéara agus don Bhinse Achomhairc Fostaíochta chomh maith. "Tá suim mhór go háitiúil sa teach cúirte," a deir Ann.

Bliain ghnóthach don Chlár Tógála Caipitil…

Ollionad na Cúirte Coiriúla ag coinneáil leis an amchlár do 2010

Lean an Clár Tógála Caipitil le luas i 2007 le hoscailt na dtithe cúirte nua, athchóiriú na gcúirteanna reatha agus pleanáil leanúnach ar thionscadail atá le tosú i 2008. D'inis Shay Kirk, Rannán na nEastát agus na bhFoirgneamh, do Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna faoi fhorbairtí le bliain anuas:

Tá feabhsuithe breise feicthe sa bhonneagar cúirte mórthimpeall na tíre le bliain anuas. Tá seomraí cúirte breise, rochtain phoiblí níos fearr, seomraí comhairliúcháin breise agus cóiríocht do chleachtóirí dlí ar chuid de na saoráidí atá suiteáilte i bhfoirgnimh chúirte mórthimpeall na hÉireann.

Tá tionscadal **Ollionaid na gCúirteanna Coiriúla** ar an tráinse is mó sa Chlár Tógála Caipitil. Tá tionscadal na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) atá stiúrtha ag Babcock and Brown anois i bhfeidhm, ag teacht chun cinn go maith agus le comhlánú sa chéad cheathrú de 2010. Beidh costais thógála €120 milliún i gceist.

Thug Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna cuairt ar an láthair ag cúinne Shráid Gheata na Páirce agus Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath, an mhí seo caite agus thugadar faoi deara go raibh obair thochailte tagtha chun cinn go maith.

Rinneadh dhá theach cúirte úrnua a thógáil i **mBré** agus i **mBéal a' Mhuirthead** i gcaitheamh na bliana seo. Is forbairt nua í Teach Cúirte Bhéal a' Mhuirthead, i gCo. Mhaigh Eo, a comhlánaíodh i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus a bhí dírithe ar shaoráidí cúirte agus amharclann a sholáthar, chomh maith le hoifigí do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta. Chuimsigh na saoráidí cúirte: Cúirt Dúiche le seomra breithimh béal dorais agus cóiríocht don Chléireach Cúirte, cleachtóirí dlí, roinnt seomraí comhairliúcháin chomh maith le leithris phoiblí agus saoráidí cille coimeádta do phríosúnaithe.

Déanann an teach cúirte nua i **mBré** dhá phríomhsheomra cúirte a sholáthar agus cúirt dlí teaghlaigh le cóiríocht oifige d'Oifig na Cúirte Dúiche. Ina theannta sin, tá cóiríocht oifige nua-aimseartha soláthraithe don bhreithiúna, don ghairm dlí, do ghiúiréithe agus don phobal. Tá cóiríocht curtha ar fáil do chill coimeádta daingean chomh maith.

An tAire Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí, Brian Lenihan T.D, le Brendan Ryan (Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha) agus P.J. Fitzpatrick P.O.F. ag oscailt an tí cúirte i mBaile Bhlainséir.

Rinneadh obair a chomhlánú chomh maith i mbliana, ar athchóiriú na dtithe cúirte sa **Tulach Mhór** agus i **Mainistir Fhear Maí.** Ina theannta sin, tá Cúirteanna an Dlí Teaghlaigh i **dTeach an Charráin** athchóirithe go hiomlán chun cóiríocht nua-aimseartha a sholáthar don bhreithiúna, do bhaill foirne agus do na húsáideoirí ar fad i gcúirt an dlí teaghlaigh i dTeach an Charráin. Cuireadh i gcrích an obair ar an oifig dlí teaghlaigh is gnóthaí sa tír i mí Lúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.

I measc na saoráidí nua bhí ardaitheoir rochtana do dhaoine faoi mhíchumas, limistéar feithimh nua don phobal agus seomraí comhairliúcháin breise. 'Sé costas réamh-mheasta an athchóirithe ná €3.5 milliún. Cuireadh tús in athuair leis na suíonna cúirte, ar sceideal i mí Dheireadh Fómhair.

Maidir le tionscadail atá fós i mbun tógála, tá obair beagnach comhlánaithe ar sholáthar na saoráidí cúirte nua i **mBaile Átha Fhirdhia** mar chuid de chomhfhorbairt le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Contae Lú. Beidh an tionscadal seo comhlánaithe roimh dheireadh 2007, agus súil go dtosóidh suíonna cúirte ann go luath an bhliain dar gcionn.

Cuireadh tús le tionscadail i 2007 i **nDurlas** agus i **mBaile Bhlainséir.** Tá an teach cúirte i nDurlas á athchóiriú agus á leathnú i láthair na huaire agus beidh an tionscadal seo comhlánaithe faoi Aibreán 2008.

Ina theannta sin, aimsíodh cóiríocht i mBaile Bhlainséir. Tá sé a chóiriú le dhá sheomra cúirte nua agus leis an gcóiríocht choimhdeach ar fad atá riachtanach a chuimsíonn saoráidí na breithiúna, foirne, seomraí comhairliúcháin, seomra giúiré, cóiríocht na cille coimeádta do phríosúnaithe agus cóiríocht do chleachtóirí dlí. Beidh an obair seo comhlánaithe faoi Aibreán 2008.

Thosaigh pleanáil ar roinnt tionscadal i 2007 agus tá súil go dtosóidh obair orthu seo le linn 2008.

Tá tairiscintí díreach aimsithe maidir le hathchóiriú Tí Cúirte **Chill Chainnigh** agus tá obair le tosú go luath an bhliain seo chugainn. Is mórthionscadal a bheidh anseo chun dhá sheomra cúirte breise a sholáthar i gCill Chainnigh agus cóiríocht nua-aimseartha don bhreithiúna, d'fhoireann na Cúirte Dúiche agus Oifig na Cúirte Cuarda agus na saoráidí coimhdeacha riachtanacha ar fad atá ag teastáil i saoráid bhaile contae. Beidh áiseanna Dlí Teaghlaigh á soláthar chomh maith mar chuid den tionscadal.

Ar an gcaoi céanna, cuirfear fáilte roimh thairiscintí go luath an bhliain seo chugainn maidir le hathchóiriú Tí Cúirte **Mhuineacháin** chun 3 sheomra cúirte ina iomláine a sholáthar, agus cóiríocht oifige d'oifigí na Cúirte Dúiche agus Cuarda ansin.

Tá pleananna comhlánaithe le déanaí, maidir le hathchóiriú agus leathnú Tí Cúirte an **Mhuilinn Chearr,** chun 3 sheomra cúirte ina iomláine a sholáthar a chuimsíonn saoráidí dlí teaghlaigh. Tá súil go dtosófar ar obair an tionscadail seo i lár na

Teach Cúirte Thulach Mór

Teach Cúirte Bhré

Teach Cúirte Thulach Mór

bliana seo chugainn.

Tá láithreáin aimsithe do thithe cúirte nua i **Loch Garman** agus **Leitir Ceanainn** agus tá comhráití ar bun le Comhairle Contae Chill Mhantáin chun spás breise a aimsiú ar chúl an tí cúirte chun athchóiriú a éascú.

Tá cúrsaí pleanála sárfhorbartha, chomh maith, maidir le Tithe Cúirte i **mBéal Átha na Muice, Cluainín** agus **Cill Mocheallóg**, agus arís tá súil go dtosóidh obair ar na tionscadail seo le linn 2008.

Tá pleanáil ar bun chomh maith maidir le roinnt tionscadal eile mórthimpeall na tíre agus tá láithreáin á n-aimsiú i limistéir ina bhfuil láithreáin nua riachtanach chun saoráidí cúirte nua-aimseartha a sholáthar.

Déanfar roinnt tionscadal tí cúirte a sholáthar trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP). Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag breathnú ar shaoráidí cúirte breise ag ceithre ionad difriúil mórthimpeall na tíre. Tá siad seo lonnaithe i **Luimneach** (teach cúirte coiriúil nua), **Leitir Ceanainn** (teach cúirte nua), **Sord** (teach cúirte nua) agus **Cúirt Dúiche Chorcaí** (síneadh ar an teach cúirte reatha).

Tá na tithe cúirte reatha sna hionaid seo go hiomlán míshásúil leis na héilimh nua-aimseartha atá orthu a shásamh agus déanfaidh na saoráidí cúirte nua, nuair a sholáthraítear iad, na riachtanais fadtéarmacha seo a shásamh maidir leis na breithiúna, baill foirne agus úsáideoirí ar fad na cúirte sna ceantair seo sna blianta romhainn.

Teach Cúirte Bhré

Ollionad na Cúirte Coiriúla

Teach Cúirte Bhré

Teach Cúirte Bhré

Teach Cúirte Thulach Mór

Teach Cúirte Thulach Mór

An Ard-Chúirt - ag barr do mhéir

Ciallaíonn seirbhís nua ar líne gur féidir le cleachtóirí dlí agus baill den phobal, sonraí faoi chásanna Ard-Chúirte a aimsiú ag am ar bith, ó áit ar bith, ag baint leasa as an idirlíon. Míníonn Angela Denning na hArd-Chúirte agus John O'Neill na Stiúrthóireachta TFC cén faisnéis atá ar fáil agus conas a oibríonn an tseirbhís nua:

Is féidir leat an láithreán gréasáin nua aimsiú trí nasc go dtí 'Cuardach na hArd-Chúirte' ó leathanach baile láithreáin gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna – www.courts.ie. Déantar an fhaisnéis ar an láithreán gréasáin seo a nuashonrú gach oíche. Tógtar na taifid cáis ó bhunachar rianaithe cáis reatha na hArd-Chúirte agus déantar iad a uaslódáil sa bhfeidhmchlár ríomhbhunaithe, a chuireann ar chumas úsáideoirí idirlín cuardach a dhéanamh ar na taifid seo ar a gcaoithiúlacht.

Is féidir le húsáideoirí cuardach a dhéanamh agus breathnú ar thaifid cáis na hArd-Chúirte, ag baint leasa as réimse critéar cuardaigh a chuimsíonn uimhir thaifid an cháis, ainm pháirtithe ar bith, uimhir an liosta nó dáta an cháis nuair a rinneadh liostáil agus an cineál liosta. Déanann an teicneolaíocht ríomhbhunaithe nua-aimseartha a úsáidtear, cúrsaí cuardaigh i bhfad níos éasca ná an áis chuardaigh poiblí reatha sa Phríomh-Oifig. Tá buntáiste breise aige trí rochtain a sholáthar d'úsáideoirí ar fhaisnéis lasmuigh d'uaireanta oscailte oifige, agus gan glaoch isteach nó glaoch ghutháin ar an bPríomh-Oifig a bheith riachtanach. An méid sin ráite, fanfaidh an áis chuardaigh poiblí reatha i bhfeidhm sa Phríomh-Oifig, chun cur ar chumas úsáideoirí atá ag glaoch chun na hoifige, rochtain a fháil ar fhaisnéis a nuashonraítear ar an lá sin, má tá sí riachtanach do ghnó fíor-phráinneach.

Beidh buntáiste mór ag an bhfeidhmchlár seo, atá forbartha ag Quest Computing Ltd., do chustaiméirí rialta i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte, agus do mhórán custaiméirí eile na Seirbhíse Cúirteanna go deimhin. Beidh cúnamh mór anseo chomh maith d'fhoireann na Príomh-Oifige ina gcuid dualgais laethúla. Tugann an córas rochtain ar réimse leathan faisnéise faoi chásanna na hArd-Chúirte. Mar shampla, tá na sonraí a leanas le feiceáil:

- ainmneacha na bpáirtithe
- ainm an chomhlachta dlíodóirí ar taifead
- an uimhir thaifid
- liostáileacha cúirte agus cur síos gearr den toradh
- na cineálacha doiciméad atá comhdaithe
- cur síos gearr ar na horduithe atá déanta
- an dáta ar a thug an chúirt a breithiúnas scríofa.

Tá faisnéis áirithe nach féidir a fheiceáil ar an láithreán nua fós. Baineann an fhaisnéis seo le cásanna dlí teaghlaigh go príomha chomh maith le cásanna eile nach n-éistear leo go poiblí, cibé mar gheall ar chúrsaí reachtaíochta nó mar gheall ar ordú cúirte a thugann treoir nach bhfuil sonraí an cháis le bheith ar fáil go poiblí. Ní chuimsíonn an láithreán sonraí faoi orduithe cúirte nó mionnscríbhinní ach an oiread.

Leanfar ag foilsiú breithiúnais fhorchoimeádta na hArd-Chúirte ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna www.courts.ie mar a dhéantar iad a chur ar fáil.

Do cheisteanna faoi Chuardach na hArd-Chúirte reagartha

C: An bhfuil rochtain agam ar fhaisnéis stairiúil ar an láithreán gréasáin seo?
F: Tá faisnéis faoi chásanna a eisíodh ó Lúnasa 1993 ar fáil ar an láithreán gréasáin seo.
C: Cé chomh nuashonraithe agus atá an fhaisnéis?
F: Déantar an fhaisnéis atá cuimsithe sa láithreán gréasáin a nuashonrú gach oíche ag 3rn go neasach. Tógann an nuashonrú uair a' chloig amháin go neasach. Le linn nuashonraithe, ní bheidh an láithreáin gréasáin ar fáil d'úsáideoirí.
C: Cén chaoi a ndéanaim cás a chuardach?
F: Nuair a théann tú isteach sa láithreán, déan nascleanúint chuig an scáileán cuardaigh. Iontráil na sonraí in dhá réimse inchuardaithe ar a laghad agus cliceáil an cnaipe 'cuardach'. Tugann an leathanach cabhrach, atá inrochtana ó gach leathanach ar an láithreán, mórán leideanna úsáideacha duit maidir leis an scáileán cuardaigh a úsáid.
C: D'aimsigh mé an cás atá á lorg agam. Cad is féidir liom a dhéanamh anois?
F: Déantar gach taifead cáis atá mar mheaitseáil ar na téarmaí cuardaigh a úsáideadh, a léiriú ar leathanach na dtorthaí cuardaigh. Má théann tú chuig an colún 'Breathnaigh ar Shonraí' ar an leathanach seo agus cliceáil an nasc 'Breathnaigh' don chás gur mian leat breathnú air, is féidir leat na naisc atá soláthraithe a úsáid ansin, chun nascleanúint a dhéanamh tríd na leathanaigh a chuimsíonn na sonraí ar fad atá ar fáil maidir leis an gcás seo.
C: Ní féidir liom an cás atá á lorg agam a aimsiú. Cad is féidir liom a dhéanamh anois?
F: an cnaipe 'Siar' a úsáid chun filleadh ar an leathanach 'Cuardach' agus iarracht a dhéanamh ar fhaisnéis bhreise a iontráil má tá sí agat, nó iarracht a dhéanamh na téarmaí cuardaigh a athrú. Chomh maith, tá seans ann nach féidir an cás atá á chuardach agat a léiriú ar an láithreán toisc go bhfuil sé faoi réir na rialach 'In Camera' (e.g. Cásanna Dlí Teaghlaigh)

Seirbhís ghiúiré – cad atá ar siúl in Éirinn?

Ós rud é gur dóchúil go ndéanfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí athbhreithniú iomlán ar an gcóras giúiré sa chéad chlár eile dá chuid, thug an tSeirbhís Cúirteanna amharc ar ról na ngiúróirí leis an sprioc chun aighneacht a dhéanamh don Choimisiún i gceann na haimsire. Ag an am céanna leanann an tSeirbhís ag déanamh feabhsuithe do ghiúróirí. Cheapaimid gur am maith é seo chun tuairisc a thabhairt ar na forbairtí Éireannacha seo agus chun sibh a chur ar an eolas maidir le roinnt forbairtí suimiúla ar fud an domhain. Tuairiscíonn Gerry Curran:

Is féidir freastal ar sheirbhís ghiúiré a bheith ina eispéireas diamhair, scáfar agus míthreormhar do chuid mhaith daoine. Tá aiseolas faighte ag an Seirbhís Cúirteanna ó ghiúróirí le gairid a chuir le forbairt tionscnamh nua chun éascaíocht a dhéanamh do ghiúróirí.

Ag feabhsú faisnéise

Tá sraith bileoga cruthaithe ag an Seirbhís i mBaile Átha Cliath, i mBéarla soiléir, chun cúnamh a thabhairt d'ábhar giúróirí teacht ar an láthair agus tuiscint a fháil ar tharlúintí dóchúla an lae ar a ndéanfaidh siad freastal le haghaidh seirbhíse sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Tá an bhileog á cur amach leis na toghairmeacha giúróra, chomh maith le bileog eile, atá á húsáid le fada, chun an próiseas dlí a bhaineann le giúróir a mhíniú.

Cúnamh a thabhairt do ghiúróirí sa teach cúirte

I roinnt tithe cúirte ar fud na tíre buaileann an fhoireann le giúróirí agus taispeánann siad dóibh an láthair gur chóir dóibh cruinniú le chéile. Míníonn siad conas a oibríonn an próiseas trí fhaisnéisiú chomh maith. San áireamh leis seo tá an méid is dóchúla a tharlódh sa chúirt agus rudaí praiticiúla cosúil leis na huaireanta tinrimh, freagrachas na bhfostóirí chun íoc as laethanta tinrimh agus socruithe lóin. I mBaile Átha Cliath míníonn an breitheamh sa Chúirt Chuarda Choiriúil an próiseas do na giúróirí comhchruinnithe i limistéar feithimh ar leith trí CCTV.

Sa Chúirt Chuarda Choiriúil glaotar ar ghiúróirí ar mhaidin Luan go dtí seomra cúirte folamh. Ní bhíonn ach leath an méid daoine á nglaoch anseo anois ós rud é gur mhéadaigh minicíocht na bpainéal giúróirí a bhíonn á thoghairm ó uair sa choicís go uair sa tseachtain. Déanann sé seo laghdú ní amháin ar an bhféidearthacht go mbeadh plódú ann ach déanann sé na huaireanta a bhíonn ar ghiúróir freastal ar ghlaoch rolla a laghdú go lá amháin – ós rud é go ndéantar na painéil go léir go ceann seachtaine a eagrú ar an Luain.

Ag feabhsú saoráidí

Tá córais fógartha poiblí nua-aimseartha i ngach ionad contae, baile agus sna Ceithre Chúirt a dhéanann go mbíonn sé níos éasca éisteacht le cásanna, agus breithiúna ag cur i gcuimhne d'abhcóidí agus d'fhinnéithe go minic úsáid a bhaint as na micreafóin a chuirtear ar fáil. Bhí gearáin ann faoi dhrochfhuaim go minic san am a chuaigh thart.

Tá feabhas easpónantúil tagtha ar áiseanna do ghiúróirí mar gheall ar an infheistíocht ollmhór a rinneadh ar fhoirgnimh cúirte i rith na hocht mbliana a chuaigh thart. I ngach Cúirt Chuarda athchóirithe ar fud na tíre tá seomraí giúróirí breátha agus saoráidí gaolmhara ann anois i gcomparáid leis na saoráidí fuara, taise, neamhimleor na ré atá thart.

Tugtar lón do gach giúiré rollaithe ar laethanta trialach agus in Ollionad na Cúirte Coiriúla atá á thógáil i mBaile Átha Cliath tá proinnteach giúróra ar leith á thógáil.

Athruithe molta don dlí maidir le seirbhís ghiúiré

Chomh maith leis na feabhsuithe praiticiúla atá á ndéanamh do ghiúróirí tá roinnt moltaí déanta ag an tSeirbhís Chúirteanna i gcomhair athruithe lena bhfuil feidhmiú reachtaíochta de dhíth orthu.

Níl athrú suntasach ar bith tagtha ar an dlí a rialaíonn seirbhís ghiúiré ó achtú Acht na nGiúiréithe, 1976. Anois i ndiaidh níos mó ná 30 bliana tá na hathruithe a bhí molta os comhair an Oireachtais mar chuid den Bhille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006.

Go bunúsach déanfaidh na hathruithe:

- cead a thabhairt do ghiúiré scaradh ag am ar bith roimh
- scor chun a fhíorasc a bhreithniú agus an t-uasphionós a mhéadú maidir le loiceadh forálacha áirithe d'Acht na nGiúiréithe a chomhlíonadh – m.sh. ó £200 go €2,000 as a bheith ag freastal ar ghiúiré fad agus é ar eolas agat go bhfuil tú dícháilithe agus ó £50 go €500 as cionta eile.

Leasóidh leasú breise an tagairt do dhaoine nach bhfuil incháilithe freastal a dhéanamh. Seachas a rá go bhfuil 'daoine míchumasacha' atá 'mí-oiriúnach freastal a dhéanamh ar ghiúiré' mar gheall ar 'chumas neamhimleor léitheoireachta, bodhaire nó króilíocht bhuan eile' déanfaidh an rannán nua tagairt do 'dhaoine eile'. Is daoine iad seo a bhfuil míchumas acu léitheoireacht a dhéanamh nó milleadh buan ionas nach bhfuil sé praiticiúil dóibh dualgas an ghiúróra a chomhlíonadh.

Is féidir leat an Bille ar fad a léamh ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais: http://www.oireachtas.ie

Níl na Seapánaigh ag iarraidh seirbhís giúiré

Agus an tSeapáin ag déanamh ullmhúcháin chun trialacha giúiré a thabhairt isteach den chéad uair riamh leis an athrú is mó ar an gcóras ceartais choiriúil léi ó fhorlámhas na SA i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, feictear d'eagraithe go bhfuil orthu dul i ngleic le constaicí cultúrtha doimhne.

San áireamh leis na constaicí seo tá drogall tuairimí a léiriú go poiblí, claonadh chun argóint le duine eile a sheachaint agus urraim d'údarás gan cheistiú. Reáchtáladh níos mó ná 500 triail bhréige chun é seo a shárú agus muinín a thabhairt do phobal atá sceiptiúil. Níor mhaith le 80% den daonra freastal a dhéanamh mar ghiúróirí.

Le réachtáil na dtrialacha bréige feictear go gcuireann na giúróirí neart ceisteanna ar an mbreitheamh seachas plé a dhéanamh eatarthu féin agus go núsáideann siad débhríocht dhúchasach na Seapáinise chun a gcuid tuairimí a cheilt.

As sé thriail bhréige agus as na cásanna seomra giúiré a rinneadh in Nagano (cuimhneoidh lucht tacaíochta spóirt sneachta ar an áit mar láthair chluichí Oilimpeacha Geimhridh 1998) ní dúirt ach ábhar giúróra amháin gur mhaith leis freastal a dhéanamh ar ghiúiré i bhfíorthriail. Mhothaigh an chuid is mó díobh faoi strus agus go raibh sé anuas sa mhullach orthu. Chun dul i ngleic leis seo tá grúpaí téatair ag cur leaganacha den dráma Twelve Angry Men i láthair chun taithí a thabhairt do dhaoine ar an bpróiseas giúiré agus chun an creideamh a shárú gur suáilce é gan labhairt.

Leis an gcóras molta beidh saoránaigh a roghnófar go randamach ar bhinse le breitheamh agus déanfaidh siad cinneadh ar thoradh an cháis agus pianbhreitheanna a ghearradh. Is athrú ollmhór é do dhaonlathas ar bith – léim mhór samhlaíochta do 'Ríocht na Róbat' mar a thugann siad orthu féin.

Éascú tráma d'fhinnéithe óga agus soghonta

Is féidir tabhairt faisnéise a bheith ina eispéireas léanmhar d'fhinnéithe leanaí i gcásanna a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach, a mbíonn éifeacht shíceolaíoch i gceist do chuid mhaith acu má dhéantar an buntráma a mheabhrú. Tá roinnt smaointí ag speisialtóirí a phléann le leanaí soghonta ar bhonn laethúil maidir le cé mar is féidir freastal a dhéanamh ar fhinnéithe leanaí, mar a fuair Luke O'Neill amach:

Ó 1988 i leith, tá seirbhís thiomanta á cur ar fáil ag Aonad Shan Louise in Ospidéil Mhuire do Leanaí (OLCH) i gCromghlinn agus ag Aonad Shan Clare in Ospidéal Ollscoile na Leanaí (CUH) ar Shráid Temple d'íospartaigh leanaí de mhí-úsáid ghnéasach agus éigniú.

Tá dhá ghné le príomhshainordú na n-aonad. I dtús báire déanann foireann measúnú ar imní maidir leis an bhféidearthacht go raibh mí-úsáid ghnéasach leanaí i gceist, ina dhiaidh sin tugann siad tuairim maidir le hinchreidteacht an scéil. Ina dhiaidh sin, is cuma cén toradh atá ar an measúnú déanfaidh an fhoireann moltaí maidir le riachtanais teiripe an linbh nó an teaghlaigh ar ndóigh. Le breisiú na seirbhísí teiripe ó lár na nóchaidí, agus léiriú imní agus faitíos i seisiúin dá leithéid, tháinig na haonaid i dteagmháil le roinnt saincheisteanna de réir a chéile a bhaineann le finnéithe leanaí agus a dteaghlaigh sa chóras ceartais choiriúil.

Aithníonn Anne O'Flaherty, An Príomhshíciteiripe ag an OLCH, an pointe sin agus an uair nuair a thosaíonn obair abhcóideachta na n-aonad maidir le finnéithe leanaí. "As sin, tháinig tuiscint de réir a chéile ar an gcaoi a bhí leanaí agus teaghlaigh ag déanamh cur síos ar staid cúrsaí dóibh ag an am áirithe sin," a deireann O'Flaherty. "Ó 1998 go 1996 dhéanfaimis leanaí a fheiceáil chun críche measúnaithe amháin. Dá réir sin ar an mórgóir, ní raibh mórán teagmhála againn i ndáiríre le teaghlaigh maidir lena gcomhéadan leis an gcóras ceartais choiriúil go háirithe. Faoin am a thiocfadh cinneadh ar ais ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus cinnte faoi am a chuirfeadh ar triail é bheadh teagmháil leis an teaghlach caillte againn.

"Mar sin, is dócha gur chomhtharlaigh ár spéis i réimse na bhfinnéithe leanaí thart faoi bliain anonn ó fhorbairt na seirbhíse teiripe, ós rud é go raibh teagmháil againn leis na leanaí agus le teaghlaigh ar feadh tréimhse ama níos faide."

Déanann Gráinne Lawlor, Stiúrthóir Gníomhach Aonad Shan Clare ag an CUH cur síos ar fheasacht chosúil. "Ón gcéad lá bhíomar feasach ar dheacracht na bhfinnéithe leanaí ceartas a fháil laistigh den chóras ceartais choiriúil. Ní bheadh ach mionlach de leanaí a fheicfimis bainteach le cásanna ina mbeadh ciontú

ann," a deireann sí.

I mí Iúil 2006, chuir aonaid Shan Clare agus Shan Louise comhaighneacht isteach don Choimisiún um Íospartaigh Coire, áit gur chuir siad moltaí chun tosaigh maidir le forbairt Gníomhaireachta Seirbhíse Tacaíochta neamhspleáiche d'Fhinnéithe Leanaí. Cuireann an aighneacht an smaoineamh chun tosaigh de thacaí finné sa chúirte – duine neamhspleách, nach bhfuil bainteach leis an leanbh ná leis an gcás, a bhainfeadh a f(h)ócas go hiomlán le leas an linbh ar feadh an phróisis dlí.
"Thapaíomar an deis nuair a cuireadh an Coimisiún [Íospartaigh Coire] ar bun iarracht a dhéanamh ár gcuid smaointí a fhorbairt beagán eile. Cheapamar go mbeadh an choincheap iomlán de sheirbhís tacaíochta finnéithe tairbheach ní hamháin do leanaí a bheadh mar chliaint dár seirbhís ach d'fhinnéithe leanaí uile," a mhíníonn O'Flaherty. "Agus is dócha go dtiocfadh na tairbhí as feidhmiú seirbhíse speisialtóra tiomanta áit a mbeadh an fhoireann agus an pearsanra tuisceanach do chás an linbh. Óir ceapaim gur fhadhb í go minic go bpléitear le leanaí sa chóras dlí amhail gur daoine fásta beaga iad."

Deireann Lawlor: "Thiocfadh an príomhthairbhe as próiseas a dhíreodh go hiomlán ar leas an linbh. Ceapaim gur féidir é a chur ar fáil trí ghníomhaireachtaí deonacha a oibríonn le leanaí abraimis Barnardos – bheadh sé go maith dá mbeadh an duine neamhspleách. Is é sprioc ár gcóras ceartais choiriúil ná go dtiocfadh sé ar an bhfírinne agus mar sin caithfear tacaíocht a thabhairt do leanaí ionas gur féidir leo cúnamh a thabhairt leis sin agus a bhfaisnéis a thabhairt i slí atá sothuigthe."

Bheadh Lawlor i bhfabhar cur chuige fiafraitheach do chásanna a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus creideann sé gur féidir le hÉireann foghlaim ó shamplaí idirnáisiúnta sna Stáit Aontaithe agus san Ísiltír. "Dá mbeinnse fíor-radacach ba mhaith liom córas a fheiscint cosúil leis na hionaid abhcóideachta leanaí sna Stáit Aontaithe. Ansin, oibríonn gach duine a oibríonn le leanaí sa chóras ceartais choiriúil san fhoirgneamh céanna. Dlíodóirí, gardaí agus cleachtasóirí meabhairshláinte uile ag obair le chéile. Is cineál ionaid ilfhreastail atá i gceist."

Cén chomhairle atá ann do ghairmithe dlí maidir le conas plé le finnéithe leanaí agus lena dteaghlaigh? Is rud a thabharfadh cúnamh agus a thugann cúnamh, dar le O'Flaherty, ná meabhraíocht maidir le brí an eispéiris do leanaí agus do theaghlaigh. Creideann sí go bhfuil tuilleadh meabhraíochta ag an ngairm dlí, ar thaobh na n-ionchúiseamh trí oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, maidir le tábhacht na gcomhairleachtaí roimh an triail.

Leanann an tSeirbhís Cúirteanna leis an obair chun feabhas a chur ar eispéireas na n-íospartach coire go léir nuair a dhéanann siad freastal ar an gcúirt. Tá

suí speisialta curtha in áirithe do theaghlaigh na n-íospartach i gcásanna dúnmharaithe agus dúnorgana ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil agus ag an gCúirt Chuarda Choiriúil. Agus tá seomraí speisialta curtha ar fáil d'íospartaigh shoghonta i mbreis agus 50 teach cúirte nuachóirithe ar fud na tíre.

"Ar cheann de na rudaí a bheadh tromchúiseach do leanaí agus do theaghlaigh ná timpeallacht fhisiciúil na gcúirteanna ós rud é nach mbeadh príobháideachas ar bith ann, níl láthair feithimh ann, bíonn baol ann go mbuailfeá leis an gcosantóir ar do bhealach isteach chun na cúirte," a deireann O'Flaherty. "Chun cothrom na féinne a thabhairt do sheomra an cheangail físeáin, is beag an baol go dtarlódh a leithéid do na leanaí a bhainfidh úsáid as an gceangal físeáin ach d'fhéadfadh sé a bheith trámach do na tuismitheoirí dá mbuailfaidís le máthair nó le príomhchara an chosantóra."
Tá an imní seo réitithe in Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, áit a bhfuil na seomraí cúirte deartha chun neasacht idir na íospartaigh agus a dteaghlaigh le cosantóirí agus cúisithe a laghdú. Cuimseoidh an tOllionad ceangal físeáin cianda agus seomraí tacaíochta agus comhairlithe d'íospartaigh.

Tá neart rudaí dearfacha ann, dar le O'Flaherty, a bhfuil neart molta aici do thoilteanas dhaoine aonair agus ghrúpaí a bheith bainteach leis an réimse seo. "Ceann de na rudaí a bhí thar a bheith dearfach ná oscailteacht na ndaoine gur bhuaileamar leo chun athrú a thionscnamh. Ceapaim i gcás éinne gur labhraíomar leo, go mbeidís uile ag iarraidh féachaint cad is féidir leo a dhéanamh chun cúrsaí a fheabhsú do leanaí," a deireann sí.

Aithníonn sí tabhairt isteach saoráidí an cheangail físeáin mar ollathrú d'fhinnéithe leanaí agus molann sí tapú chun tosaigh na gcásanna coire gnéasacha níos tromchúisí a rinneadh le déanaí. Cuireann sí fáilte roimh threoirleabhar agus leabhrán na Seirbhíse Cúirteanna do leanaí agus do dhaoine óga a bheidh comhlánaithe go luath maidir le tabhairt fianaise sa chúirt. "Ceapaim gur céimeanna dearfacha iad an bhéim atá ar iarracht cinntiú a dhéanamh go bhfuil daoine óga ullmhaithe go hiomchuí don Chúirt trí oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus go bhfuil leabhráin a chuir an Roinn Dlí agus Cirt i gcló roimhe seo á chur ar fáil arís ag an tSeirbhís Chúirteanna," a deireann O'Flaherty.

Creideann Lawlor go bhfuil soláthar cuairteanna roimh an triail ag obair go maith. Deireann sí go bhfuil sé tábhachtach nach mbeadh leanaí ag siúl isteach i bhfoirgneamh den chéad uair an lá a théann siad chun cúirte. "Déanann sé laghdú ar na hiontais. Bíonn leanaí níos compordaí nuair a bhíonn siad in áit a bhfuil aithne acu uirthi," a deireann sí.

Nasc físeáin: Cad is féidir leat a bheith ag súil leis

Insíonn Sandra O'Rourke, feighlí an cheangail físeáin sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, do Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna cé mar a oibríonn an próiseas:

"I dtús báire, tá an ceangal físeáin ann do dhaoine óga faoi bhun 17 mbliana d'aois. Is é an t-aon duine a bheadh níos aosta ná 17 gur féidir leis dul isteach ann ná duine faoi mhíchumas nó duine a chuirfeadh na Gardaí síor air mar fhinné bíobhanta.

"Seachtain sula dtabharfaidh siad fianaise fáilteoidh an Príomh-Aturnae Ionchúisimh an duine óg isteach ionas gur féidir leo an áit a fheiceáil. Mínítear dóibh gur féidir leo labhairt linn agus rud ar bith a rá linn ach amháin rudaí a bhaineann leis an gcás.

"Déarfainn 99 uair faoi 100 déanfaidh an duine rogha teacht isteach an tseachtain roimh ré. Dá réir sin nuair a thagann siad isteach ar an lá féin beidh mise feicthe acu cheana féin ón seachtain roimhe. Tá dhá chuid sa tseomra, is seomra feithimh ceann amháin acu áit a mbíonn sneaiceanna agus deochanna - áit gur féidir leo cluichí a imirt - agus is é an ceangal físeáin leis an seomra cúirte an chuid eile den seomra."

"Nuair a chuireann an breitheamh glao isteach ansin bíonn ar an leanbh an fhianaise a thabhairt. Cuirtear feighlí an cheangail físeáin faoi mhionn. Ansin, ag brath ar aois an fhinné, cuirtear faoi mhionn iad. De ghnáth, ní chuirtear finnéithe faoi bhun 12 faoi mhionn. I gcás nach gcuirtear an finné faoi mhionn, beartóidh an breitheamh cé acu a thuigeann nó nach dtuigeann an leanbh an difir idir cheart agus éagóir."

"Is saoráid í i ndáiríre ionas nach gá dóibh dul isteach agus an breitheamh agus an cosantóir a fheiceáil. Tá beirt chúntóir ann don cheangal físeáin. Más rud é go bhfuilimse le leanbh amháin bíonn an cúntóir eile leis an leanbh eile - ní bhíonn siad fágtha ina n-aonar ag am ar bith. Feicfidh siad gach duine a labhraíonn leo. De ghnáth bíonn ceathrar i gceist; an breitheamh, an cláraitheoir; a (h)abhcóide agus abhcóide an chosantóra."

Déanamh staire i gCaisleán an Bharraigh le fairsingiú na hArd-Chúirte

Lean tionscnamh Uachtarán na hArd-Chúirte ar aghaidh chun fairsingiú a dhéanamh ar raon na gcásanna a bpléitear leo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i gCaisleán an Bharraigh le déanaí. Chonaiceamar déanamh píosa staire," a dúirt Cláraitheoir Chontae Mhaigh Eo, Fintan Murphy ag tagairt do shuí na hArd-Chúirte chun plé a dhéanamh ar chásanna seansaireachta agus neamhsheansaireachta i Maigh Eo den chéad uair riamh i stair an Stáit.

Ag labhairt dó ag tús na suíonna, luaigh an breitheamh ceannais, an tUasal Paul Gilligan a raibh mar chomhluadar aige i gCaisleán an Bharraigh, an Breitheamh John McMenamin agus an Breitheamh George Bermingham, roinnt ball dearcsnaithe ó Chomhlachas Barra Mhaigh Eo agus abhcóidí ón gCuaird Iartharach a bhí i mbun cleachtais sa réigiún thar na blianta.

Clé go deas: Henry Bourke A.S., Fintan J. Murphy (Cláraitheoir Chontae Mhaigh Eo), An. Breitheamh John McMenamin, An Breitheamh Paul Gilligan, An Breitheamh George Bermingham, Pat O'Connor, Uachtarán de Chomhlachas Barra Aturnaetha Mhaigh Eo.

Luaigh sé go raibh athchóiriú theach cúirte Chaisleán an Bharraigh ina phríomhfachtóir tacaíochta maidir le tionól na suíonna ann. "Is mór an phribhléid é go mbeadh, trí dhícheall na Seirbhíse Cúirteanna, teach cúirte chomh breá seo don obair a bheidh á dhéanamh againn," a dúirt sé. "Tá an foirgneamh bunaidh breis agus 200 bliana d'aois agus tá roinnt athruithe déanta air ach rinneadh nuachóiriú iomlán agus fairsingiú suntasach air in 2004. Tá ceithre seomra cúirte ann anois le saoráidí nua-aimseartha d'úsáideoirí cúirte go léir, lena n-áirítear físchomhdháil agus taifeadadh fuaime digiteach na n-imeachtaí."

Dúirt an breitheamh go raibh sé oiriúnach "go dtionófaí na chéad sheisiúin de liosta seansaireachta/neamhsheansaireachta na hArd-Chúirte ar an gCuaird Iartharach anseo i gCaisleán an Bharraigh áit a bhfuil na saoráidí atá ar fáil sa teach cúirte i measc na cinn is fearr in Éirinn."

Ómós oiriúnach don Bhreitheamh Mella Carroll

Nochtadh portráid bhreá den Bhreitheamh Mella Carroll le déanaí in Óstaí an Rí. Cuimhníonn an Breitheamh Michael Moriarty a chomhghleacaí agus insíonn sé dúinn cén fáth gur imeacht speisialta é seo:

I rith a gairmréim dhearcsnaithe roimh a báis in Eanáir, 2006, rinne an Breitheamh Mella Carroll roinnt rudaí nach raibh déanta roimhe sin, i ngairm dlí a bhí forlámhaithe ag na fir tráth: b'í an chéad bhean a toghadh mar Bhinseoir Óstaí an Rí, an chéad bhean a bhí ina Cathaoirleach ar an gComhairle Barra, an chéad bhreitheamh baineann a ceapadh do na Cúirteanna Uachtaracha, gan trácht a dhéanamh ach amháin ar na cinn fhollasacha. Anois tá aitheantas breise iarbháis faighte aici óna comhghleacaithe agus í an chéad bhean a bhfuil a portráid ag crochadh ar bhalla ársa Óstaí an Rí.

I ndiaidh a báis, chuir beirt dhlúthchara agus chomhghleacaí óna laethanta mar mhac léinn, An Breitheamh Francis D. Murphy (Breitheamh na Cúirte Uachtaraí ar scoir) agus an Breitheamh Diarmuid O'Donovan (na hArd-Chúirte agus é ar shlí na fírinne ó shin, ar dheis Dé go raibh a anam) ina luí gan stró ar a gcomhghleacaithe Binseora gur chóir portráid a choimisiúnú. Ba í an

t-ealaíontóir a roghnaíodh ná an tUasal Maeve McCarthy, a bhuaigh dámhachtain thábhachtach as ucht féinphortráide i nGailearaí Portráide Náisiúnta Shasana, agus a raibh an t-údar Maeve Binchy (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann) agus roinnt pearsanra sinsearacha poiblí in Éirinn mar ábhar aici. Is rud dúshlánach deacair é duine marbh a phéinteáil d'ealaíontóir ar bith, ach rinneadh an tasc níos éasca le líon mór grianghraf agus físeán a cuireadh ar fáil ag baill de mhuintir Carroll.

I ndiaidh iarrachtaí agus tiomantas an Bhreithimh Murphy, críochnaíodh an tionscadal go luath, agus ar an 26ú Deireadh Fómhair seo caite, nochtadh portráide ag searmanas in Óstaí an Rí, a raibh líon mór dá muintir, cairde agus comhghleacaithe ar an láthair ann. Agus leis sin nochtadh rud a mheastar go ginearálta a bheith ina léiriú breá, tuisceanach agus spreagúil de scileanna an Ealaíontóra, agus is cosúil go ndéanfar é a thaispeáint ar iasacht ag Taispeántas na bliana seo chugainn de chuid an Royal Hibernian Academy.

Anois agus í i measc a compánaigh fireanna ar na ballaí, tá sé oiriúnach go ligfeadh duine, a raibh a scileanna agus a dílseachtaí níos leithne ná a hearmaisí sa ghairm dlí, bruaisín beag gáire di féin.

Fónamh don Chustaiméar, Feidhmíocht a bhainistiú – ar nós an Chontae Orange

Maidir le feabhsú gnáthamh anseo tá neart le foghlaim againn ó chomhghleacaithe in dlínsí eile. Nuair a bhí siad ag freastal ar Chomhdháil na Teicneolaíochta Cúirteanna (CTC10) in Tampa, Florida thug na Stiúrthóirí Nuala McLoughlin agus Sean Quigley cuairt ar oifigí cúirte i gContae Palm Beach agus sa Chontae Orange áit a bhfuair siad amach go bhfuil seirbhís do chustaiméirí agus bainistiú feidhmíochta ina dtosaíochtaí tábhachtacha:

Aithníonn Stát Florida sármhaitheas feidhmíochta eagrúcháin trí Dhámhachtainí Sterling. Tá na critéir a úsáidtear aitheanta mar chaighdeán den chéad scoth le haghaidh sármhaitheasa eagrúcháin. Bhuaigh Cúirteanna Palm Beach an dámhachtain in 2003 agus is cosúil go bhfaighfidh Cúirteanna an Chontae Orange dámhachtain in 2007.

Ó chlé go deas: Un Cha Kim (Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Cúirteanna Palm Beach), Nuala McLoughlin (An Stiúrthóir Oibriúcháin, An Chúirt Uachtarach agus an Ard-Chúirt), Stephen McCartney (An Stiúrthóireacht TFC), Kevin Fidgeon (Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath), Maura Rowley (An tIonad Náisiúnta do Chúirteanna Stáit), Sharon Bock (An Cléireach agus Reachtaire, Cúirteanna Chontae Palm Beach), Sean Quigley (An Stiúrthóir Airgeadais)

Tá na critéir dámhachtana deartha chun cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí cur chuige comhtháite a úsáid maidir le bainistiú feidhmíochta eagrúcháin agus de thoradh sin bíonn:

- luach síorfheabhsaithe á chur ar fáil
- do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara, a chuireann le inbhuanaitheacht eagrúcháin
- Feabhsú ar éifeachtacht agus cumais eagrúcháin ar an iomlán agus
- Foghlaim eagrúcháin agus pearsanta

Sa dá chúirt tá léirthuiscint i measc na foirne ar fhís, ar mhisean agus ar straitéis. Pléann Cúirteanna Chontaetha Palm Beach agus Orange le seirbhís do chustaiméirí mar phríomhthiománaí straitéise. Tá suirbhéanna um shásamh custaiméirí bunaithe ar 6 cheist a bhaineann leis na bunluachanna eagrúcháin. Úsáidtear roinnt uirlisí lena n-áirítear suirbhéanna tuairimí, grúpaí fócais agus siopadóir mistéireach. Cuireadh bothanna isteach i bhfoirgnimh cúirte le déanaí áit gur féidir le cuairteoirí aiseolas a thabhairt maidir leis an seirbhís do chustaiméirí.

Bhunaigh Cúirt Chontae Palm Beach ionad teagmhála do chustaiméirí chomh maith chun freastal a dhéanamh orthu siúd a dtugtar úsáideoirí cúirte annamha orthu. Is ionad glaonna é seo gur féidir leis feidhmiú ós rud é go bhfuil córas r-chomhdaithe comhaontaithe i bhfeidhm a thugann rochtain d'fhoireann an ionaid ar na cásanna go léir ionas gur féidir leo freastal a dhéanamh ar cheisteanna. Feidhmíonn Palm Beach "oifig féinseirbhíse" go príomha do chásanna dlí teaghlaigh (lena n-áirítear gníomhas aonpháirtí) agus féich.

Tá cultúr eagraíocht Palm Beach stiúrtha de réir riachtanais an chustaiméara. Ar cheann de na bunluachanna atá sa dá chúirt ná go mbeidís ina n-ionaid maithe chun oibre. De thoradh seo is eagraíochtaí dinimiciúla agus nuálaíocha, le hardleibhéal de fhostú agus chumhachtú foirne. Bhí na cuairteanna ar an dá chúirt thar a bheith faisnéisiúil agus thug siad ábhar machnaimh dúinn maidir lenár gclár nuachóirithe féin.

Is féidir leo siúd gur mhaith leo breis eolais a fháil faoi na cúirteanna seo cuairt a thabhairt ar: www.mypalmbeachclerk.com agus www.myorangeclerk.com

Faigh d'Fhéilirí agus do phleanálaithe balla anois!

Tá Féilirí na Seirbhíse Cúirteanna agus Pleanálaithe Ball do 2008 ar fáil anois. Léiríonn an Pleanálaí Balla grianghraif d'fhoirgnimh cúirte a ndearnadh nuachóiriú orthu le déanaí.

Dá mba mhaith leat balla d'oifig a mhaisiú le féilire nó le Pleanálaí Balla is féidir leat cóipeanna a ordú trí theagmháil a dhéanamh le Catherine O'Leary san Oifig Faisnéise le glao gutháin ar 01 888 6459, le ríomhphost ag co'leary@courts.ie nó ag an seoladh seo a leanas:

Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna
Teach an Fhionnuisce,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.

Athbhreithniú ar 2007



Tá an t-am buailte linn arís a gcaitheann daoine súil siar agus a ndéanann siad machnamh ar bhliain eile atá imithe thart. Tá imeacht 12 mí eile cosúil le turas, ina bhfuil pointí arda agus ísle ar an mbealach. Tá taifead déanta ar an timthriall seo ag Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna, a thugann sonraí faoi fhorbairtí ag an leibhéal eagraíochtúil agus pearsanta. Anseo, caithimid súil siar ar an 12 mí roimhe seo:

Go lárnach i mórán de na hathruithe a chonacthas le 12 mí anuas sa tSeirbhís Chúirteanna, tá na cúirteanna á ndéanamh níos inrochtana, níos oscailte agus níos nuálach. Den chéad uair riamh, d'fhéadfadh an pobal éilimh bheaga a dhéanamh ar líne – bhí an méid seo suntasach inti féin, ó thaobh ama agus iarrachta na foirne agus an phobail a shábháil. Maidir le gaeilgeoirí, thosaigh courts.ie ag soláthar líon suntasach leathanaigh sa teanga dhúchais. Go deimhin, tá inniúlacht iomlán as Gaeilge don láithreán iomlán le réalú go pras.
Bhain Straitéis na Faisnéise Teicneolaíochta cúpla rud suntasach amach, agus tháinig roinnt tionscadal chun torthúlachta dá réir, a bhreisigh rochtain phoiblí ar na seirbhísí againn. Tá Éilimh Bheaga ar Líne agus Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna (CCC) tar éis athrú a dhéanamh ar an mbealach a bhainistíonn úsáideoirí déanamh na n-éileamh agus íocaíocht na bhfíneálacha, na dtáillí agus na n-íocaíochtaí dlí teaghlaigh. Soláthraíonn Cuardach na hArd-Chúirte rochtain lá agus oíche ar thaifid áirithe Ard-Chúirte, agus tá sé ar an mbreisiú is déanaí leis an teaghlach ar líne.

Bhí Éilimh Bheaga ar Líne ar an gcéad chéim san aistear maidir le seirbhísí a sheachadadh don phobal i bhformáid leictreonach. Chomh maith leis an bhforbairt ar an láithreán gréasáin againn, sna foirmeacha Gaeilge agus Béarla araon, is bliain fíor-thorthúil a bhí inti ó thaobh cúrsaí forbartha sa réimse TF. Bhí an dul chun cinn aitheanta trí dhá dhámhachtain shuntasach mar chuid de dhámhachtainí "Eircom Innovation through Technology".

Ceann de na réimsí oibre is mó dúshláin do chóras cúirte ar bith ná dlí teaghlaigh, toisc go bhfuil an oiread sin ceisteanna casta agus dúshlánacha i gceist. Déileálann cúirteanna an Dlí Teaghlaigh le réimse níos leithne ceisteanna ná aon chineál cúirte sibhialta nó coiriúil eile. Is san timpeallacht seo a bunaíodh Tionscadal Píolótach Tuarascála an Dlí Teaghlaigh. Faoi stiúir an Dr Carol Coulter, a d'fhill ar an Irish Times le déanaí mar Eagarthóir Gnóthaí Dlíthiúla, déanann an Tionscadal taifeadadh ar bhreithiúnais agus staitisticí, agus soláthraíonn siad tuairiscí ar imeachtaí i seomraí cúirte an dlí teaghlaigh. Ina iomláine, foilsíodh trí eagrán de Chúrsaí an Dlí Teaghlaigh agus cinntíodh go leanfaí leis an Tionscadal i 2008 ag cruinniú an Bhoird i mí Deireadh Fómhair.

Rud a chuireann as do mhórán daoine atá ag déileáil leis na cúirteanna ná an éagsúlacht foirmeacha agus na difríochtaí ó thaobh cleachtais atá le feiceáil ó oifig go hoifig. Do cheisteanna coiriúla sa Chúirt Dúiche, táthar tar éis déileáil leis an gceist seo cheana féin agus tá cúrsaí feabhsaithe trí fhorfheidhmiú an Chórais um Rianú Cáis Coiriúil (CRCC). Tá súil ann gur féidir an rath seo a aistriú chuig réimse na dlíthíochta sibhialta. Tá an tionscadal maidir leis an gCóras Bainistíochta um Chásanna Sibhialta (CBCS) ag gluaiseacht ar aghaidh agus táthar ag obair i dtreo chaighdeánú an chleachtais agus na nósanna imeachta sna dlínsí ar fad. Rinneadh an chéad thréimhse den mhórthionscadal seo a chomhlánú i mbliana. Is tionscadal é seo a chuirfidh dua ar an tSeirbhís agus a chruthóidh dúshlán dóibh sna blianta amach romhainn.

Tá dímhistéiriú na gcúirteanna agus soláthar na faisnéise mar chuid lárnach de ról na Seirbhíse Cúirteanna. Ní hiad na tionscadail mhóra amháin a athróidh peirspictíocht an phobail maidir le conas a fheidhmíonn na cúirteanna. Leanamar i mbliana ag déanamh teagmhála leis an bpobal níos leithne ar roinnt bealaí:
Leanadh leis an gclár taithí oibre do mhic léinn iarbhunscoile agus leis na turais do scoileanna agus coláistí. Stiúrtha ar bhonn náisiúnta, chuidigh na cláracha for-rochtana seo chun córas dlí na hÉireann a léiriú don phobal. Sholáthraigh siad faisnéis agus taithí do mhic léinn chomh maith, maidir le feidhmiú an chórais cúirte. Tá súil againn go dtugann sé eispéireas foghlama do mhic léinn atá nuálaíoch, a chuidíonn leo an ról lárnach atá ag na cúirteanna sa sochaí sibhialta a thuiscint. Rinneamar cuairteanna a éascú chun na cúirte chomh maith do roinnt grúpaí – grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, ó Ionaid Eolais do Shaoránaigh agus grúpaí an ionaid dlí.

Is maith a thabhairt faoi deara i suirbhéanna atá stiúrtha le dhá bhliain anuas, go bhfuil ardmheas ag an bpobal ginearálta, a úsáideann seirbhísí na gcúirteanna, ar an bhfoireann againn. Tá caighdeáin arda

gairmiúlachta agus cúirtéise cothabháilte againn inár ngnóthaí le daoine. An dúshlán atá ann ag gluaiseacht ar aghaidh, ná an leibhéal seo a chothabháil agus tógáil air, agus feabhsuithe a dhéanamh sna réimsí ina bhfuil laigeachtaí aitheanta.

Ar leibhéal pearsanta, thugamar suntas don saol nua trí mhórán grianghraf de linbh áille a saolaíodh do bhaill foirne na Seirbhíse againn. Tá an bás sonraithe againn chomh maith, maidir le mórán dár gcomhghleacaithe agus cairde. Ina gcuid scéalta báis, rinneamar iarracht a gcuid gnóthachtálacha, a dtiomantas agus an tseirbhís a thugadar i mórán rólanna a shonrú, ní hamháin sa tSeirbhís Chúirteanna ach sa phobal níos leithne chomh maith.

Bhí mórán dúshlán os comhair na heagraíochta le 12 mí anuas. Ag breathnú ar thimpeallacht níos leithne, bhí gá leis an mbealach a dearnadh seirbhísí poiblí a sheachadadh a athrú, agus bhí sé seo ar an bpríomhdhúshlán os comhair na seirbhíse i 2007. I measc na ndúshlán do 2008, tá an riachtanas maidir le smaointeoireacht fadtéarmach agus bunú na gcóras, inar féidir le custaiméirí breis luacha agus measa a aimsiú.

Tá fórsa saothair atá díograiseach, eolasach agus solúbtha rí-thábhachtach do rath na heagraíochta sa todhchaí. Ba bhliain dhúshlánach agus suimiúil í 2007. Táimid ag súil leis an méid chéanna i 2008.

2007: Agus Muid Amuigh

Bhí neart le feiceáil agus le déanamh lasmuigh den oifig le bliain anuas, leis an bhfoireann ag tógáil gach deis ó thaobh eachtraí sóisialta lena gcomhoibrithe. Seo rogha d'eachtraí áirithe a tharla le 12 mí anuas:

Thug an séú Tráthnóna Samhraidh bliantúil i Margadh na Feirme, deis do bhreithimh agus foireann scortha casadh lena chéile. Sholáthraigh cór na Seirbhíse Cúirteanna an ceol don oíche, mar a bhí na haíonna ag cabaireacht, agus fíon agus bia ar a dtoil.

D'eagraigh foireann Chorcaí bairbiciú i lár mí Iúil, le Richie O'Connor agus Dave Power ó Chúirt Chuarda Chorcaí ag feidhmiú mar chócairí. Bhí breithimh agus foireann ó Chúirt Dúiche Chorcaí, Cúirt Chuarda Chorcaí agus ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt ar fad i láthair.

Ghlac Cumann Sacair na Seirbhíse Cúirteanna páirt arís i Sraith na nAturnaetha. Bhí an fhoireann in iomaíocht go maith, ach mar gheall ar thrí chluiche a chailleadar i gcoinne McCanns, Dillon Eustace agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ní shroicheadar an babhta ceathrú ceannais mar gheall ar dhifríocht i líon na gcúl. Ba iad BCM Hanby Wallace – foireann a bhuaigh Club Sacair na Seirbhíse Cúirteanna orthu 3–1 níos luaithe sa bhliain – a thóg corn na sraithe leo ar deireadh.

Lean na seisiúin Lóin agus Foghlama i rith na bliana. Tugann an Aturnae Patricia Hickey leideanna maidir le ceannach agus díolacháin réadmhaoine. Labhair John McDaid, ón mBord um Chúnamh Dlithiúil, i mBealtaine, faoi chur chuige comhoibríoch maidir le ceisteanna dlí teaghlaigh a réiteach. I Meitheamh, thug an Dr. Denis O'Driscoll dhá léacht ar andúil i ndruga, na rioscaí sláinte agus na cóireálacha atá ar fáil. I Meán Fómhair, thug Cumann Ailse na hÉireann roinnt cainteanna i Nás, Port Láirge, Cill Mhantáin, Luimneach, Cill Mhantáin, sa Tulach Mhór, i nGaillimh agus Corcaigh. Táimid buíoch do gach duine a thóg an t-am le caint a thabhairt agus leis an Oifigeach Cúnta Fostaithe, Deirdre Maye, a d'eagraigh na himeachtaí.

Is trua go measann Coiste an Chlub Sóisialta go bhfuil Cóisir na Nollag, a tharla ag deireadh mhí na Samhna, le teacht chun deiridh. Airíonn an Club nach meallann Cóisir na Nollag dóthain baill le húdar a thabhairt do chostais agus iarrachtaí na himeachta. Cibé toisc patrúin athraithe oibre, tiomantais teaghlaigh nó faid chomaitéarachta, tá líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar imeachtaí sóisialta ag laghdú gach bliain. Tá cinneadh le déanamh faoin treo atá le tógáil ag an gClub Sóisialta sa todhchaí, ag an gcéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil eile.

Comóradh 80 bliain ag Cumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí

Tharla imeacht speisialta le déanaí mar cheiliúradh ar chomóradh 80 bliain de Chumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí, in Ionad na gCuairteoirí ag Teach an Chustaim i mBaile Átha Cliath. Bhí thart ar 150 ball i láthair don cheiliúradh, agus bhí an craoltóir clúiteach RTE, Joe Duffy, mar óstach don ócáid. Sheol Declan O'Brien, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chumainn, an tuarascáil seo chugainn ar an gcóisir mhór agus meabhraíonn sé dúinn go dtugann an Cumann sárthacaíocht do sheirbhísigh poiblí atá i gcúinsí deacra ar chúis amháin nó cúis eile:



Tharla an chéad chruinniú den Chumann i dTeach an Chustaim sa bhliain 1927. Tá sé fíor-oiriúnach, dá réir, go dtarlódh an imeacht seo san áit ina cuireadh tús leis ar fad. Tá cúnamh soláthraithe ag an gCumann do na mílte státseirbhíseach, ag tréimhsí deacra ina saolta, le hochtó bliain anuas.

Rinne Adeline Meagher, Oifigeach Forbartha, leac a bhronnadh ar William Loughnane in onóir na hócáide, Aclaí sna hOilimpeacha Speisialta atá fíor-oilte, agus a bhí ag dul go Shanghai. Tá athair William, Liam, mar bhall den Chumann agus oibríonn sé le hOifig na nOibreacha Poiblí.

Ag an gComóradh 80 bliain de C.C.S.P. ó chlé go deas: John Molloy (Príomhchléireach, Cúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath), Pat Fitzgerald (Ospidéal an Beamount, Stiúrthóir Acmhainní Daonna), agus Denis Purcell (Teach an Charráin).

Rinne an Cantando Chamber Choir, faoi stiúir Orla Barry, roinnt píosaí a chur i láthair agus bhí sí d'onóir againn an chéad seinm domhanda de 'Friendship' a chloisteáil, a bhí cumtha agus scríofa ag Vincent Kennedy.

Is cumadóir clúiteach é Vincent, a oibríonn leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus tá a shaothar curtha i láthair sa Cheoláras Náisiúnta ar roinnt ócáidí. Thug Aongus O h'Aonghusa, Stiúrthóir Leabharlainne Náisiúnta na hÉireann, (a d'aimsigh Tuarascálacha Bliantúla an Chumainn don 80 bliain dheiridh) aitheantas do shárobair an Chumainn agus chinntigh sé gur coinníodh na Tuarascálacha slán.

Mar sméar mhullaigh, rinneadh stair an Chumainn, a bhí coimisiúnaithe go speisialta, agus scríofa ag Dr. Miriam Moffitt, a sheoladh agus a chur i láthair Chathaoirligh an Chumainn, Paul Cassidy. "Tabharfaidh stair an Chumainn eolas dóibh siúd nár chuala faoi obair an Chumainn agus tá súil againn go spreagfaidh sé daoine le bheith ina mball," a deir Paul.
Chas Declan O'Brien, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chumainn, agus rannpháirtí rialta ar 'Funny Friday' don chlár raidió Liveline, amhrán greannmhar, a scríobhadh go speisialta maidir leis an saol sa Státseirbhís. Bhí ceadal cruite ar bun ag an gcruitire clúiteach,Teresa O'Donnell, nuair a bhí na haíonna ar a mbealach isteach.

Mura bhfuil tú cinnte an ball atá ionat, seiceáil do dhuillín pá agus féach an bhfuil asbhaint PSFS ansin. "Murar ball atá ionat, ná bíodh imní ort," a deir Adeline Meagher "tá fáilte romhat i gcónaí!"

Níl ar bhallraíocht ach costas 25 cent as gach €100. Tugann sí rochtain chomh maith ar Phlean Clúdaigh Breoiteachta faoi leith atá ar fáil ar chostas íseal. Chun tuilleadh sonraí a fháil, breathnaigh ar láithreán gréasáin an Chumainn www.psfs.ie nó déan teagmháil linn ag info@psfs.ie
'Siad an raon reatha de bhuntáistí dár mbaill ná:

- Deontais Airgid (nach gá a aisíoc nó atá le haisíoc ach saor ó ús)
- Deontais Oideachais
- Comhairle/cúnamh airgeadais chun déileáil le Bainc, Cumainn Foirgníochta, Comhair Creidmheasa srl.
- Cúnamh airgeadais do sheirbhísí riachtanacha Dlí.
- Tacaíocht do bhaill scortha le riachtanais altranais
- Deontas Sochraide (dóibh siúd atá de dhíth orthu)
- Rochtain eisiach ar Phlean Clúdaigh Breoiteachta ar chostas íseal.

Scéim CCSP - conas le bheith i do bhall

Cé atá incháilithe don Scéim?
Tá rochtain ar an scéim seo srianta do státsheirbhísigh, chuig an bpointe ina bhfuilid mar bhall de Chumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí.

Murar ball de CCSP mé?
Dóibh siúd atá incháilithe ach nach bhfuil ina mball de Chumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí fós, tá fíor-fháilte romhaibh. Tá costas 0.25% den tua•arastal uirthi. Sin 25 cent as gach €100 a thuilleann tú, nó cuir ar bhealach eile é, íocfaidh tú €1 in aghaidh gach €400 a thuilleann tú gach seachtain.

Cad iad na buntáistí maidir leis an-bplean breoiteachta eisiach?
Tá trí leibhéal buntáiste ar-fáil faoin bPlean seo.

Rogha 1

- Íoctar cnapshuim €32,000 saor ó cháin leat ar €3.38 in aghaidh na seachtaine
- Duit féin agus do chéile/pháirtí, beidh costas €6.76 in aghaidh na seachtaine i gceist
- Tá leanaí (in aois 1-21) clúdaithe sa gnáthchúrsa do €13,000 - SAOR IN AISCE

Rogha 2

- Íoctar cnapshuim €19,200 saor ó cháin leat ar €1.47 in aghaidh na seachtaine
- Duit féin agus do chéile/pháirtí, beidh costas €2.94 in aghaidh na seachtaine i gceist
- Tá leanaí (in aois 1-21) clúdaithe sa ghnáthchúrsa do €8,000 - SAOR IN AISCE

Rogha 3

- Íoctar snapshuim €40,000 saor ó cháin leat ar €4.12 in aghaidh na seachtaine
- Duit féin agus do chéile/pháirtí, beidh costas €8.24 in aghaidh na seachtaine i gceist
- Tá leanaí (in aois 1-21) clúdaithe s a ghnáthchúrsa do €15,000 - SAOR IN AISCE

*** Téarmaí agus Coinníollacha i gceist ***

Cad atá chomh speisialta faoin bplean?

- **Costas íseal** - i bhfad níos saoire ná do chlúdach féin a cheannach
- **Cinnteacht inghlacthachta** - níl aon cheisteanna mionsonraithe leighis ná próiseas iarratais fada
- **Comhionannas** - an costas céanna-is cuma cén aois, (os cionn 18 agus faoi 60), inscne, caiteoir/neamh-chaiteoir
- **Caoithiúlacht** - tá an costas asbhainte - go díreach ó do thuarasta
- **Buntáiste Saor ó Cháin** - íochts go díreach leat.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháildéan teagmháil le:
Adeline Meagher
Oifig Forbartha
Teileafón: 01-6341970
Saorfón: 1800 778787
R-Phost: info@psfs.ie
Láithreán Gréasáin: www.psfs.ie

sláinte & sábháilteacht: Do cheisteanna freagartha

Ag leanúint lenár ngné-alt, 'Gearr amach agus Coinnigh', freagraíonn Terry Agnew, Michael Goulding agus Eva Font ceisteanna faoi Shláinte agus Sábháilteacht sa tSeirbhís Chúirteanna.

Cé atá freagrach do Shláinte agus Sábháilteacht sa tSeirbhís Chúirteanna?

Táimid ar fad freagrach do thimpeallacht oibre atá sláintiúil agus sábháilte inár eagraíocht féin. Is ar an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a luíonn an fhreagracht ar deireadh maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta sa tSeirbhís Chúirteanna. Tá an fhreagracht tarmligthe aige chuig na Stiúrthóirí, Bainisteoirí Réigiúnacha, an Bainisteoir Oiliúna agus an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta, maidir le monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú na gceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa. Tá freagracht ag Bainisteoirí Oifige, atá ceaptha mar Oifigigh Sábháilteachta, do shláinte agus sábháilteacht ina gcuid oifigí ar bhonn laethúil. Tá an Coiste Monatóireachta um Shábháilteacht freagrach do bhunú, monatóireacht agus athbhreithniú an bheartais Sláinte agus Sábháilteachta sa tSeirbhís.

Cad é an Coiste Monatóireachta um Shábháilteacht?

Tá ról lárnach ag an gCoiste Monatóireachta um Shábháilteacht chun a chinntiú gur áit shábháilte agus shláintiúil í an tSeirbhís Chúirteanna, do bhaill foirne agus don phobal araon, a bhíonn i mbun gnó inár gcuid tithe cúirte agus oifigí. An príomhról atá acu ná beartais shábháilteachta, shláinte agus leasa a bhunú, a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh orthu sa tSeirbhís Chúirteanna. Cinntíonn an Coiste chomh maith go bhfuil na Ráitis Shábháilteachta in áit sna hionaid difriúla agus go ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil mar is cuí. Is fóram é inar féidir ceisteanna beartas maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a ardú agus plé a dhéanamh orthu. Soláthraíonn siad comhairle chomh maith chuig an POF agus chuig an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach ar cheisteanna maidir le sláinte agus sábháilteacht.

Tá an Coiste Monatóireachta um Shábháilteacht faoi chathaoirleacht Stiúrthóra na Seirbhísí Corparáideacha. Cuimsíonn a mballraíocht de cheithre Stiúrthóir, Bainisteoir Réigiúnach amháin, Cláraitheoir Contae amháin, Bainisteoir Oifige ionadaíoch amháin, Príomhoifigeach, Aonad Foirgneamh Bhaile Átha Cliath, agus Ceannasaí na nEastát agus na bhFoirgneamh, an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta agus dhá Ionadaí Sábháilteachta. Tá dhá bhall foirne atá ainmnithe ag na ceardchumainn agus ag an mBainisteoir Oiliúna, comhthofa ar an gcoiste chomh maith. Is féidir leis an bhfoireann rochtain a fháil ar obair an Choiste, toisc go ndéantar miontuairiscí a fhoilsiú ar láithreán Sláinte agus Sábháilteachta na Faisnéise Cúirteanna.

An bhfuil difríocht idir Oifigeach Sábháilteachta agus Ionadaí Sábháilteachta?

Tá ról lárnach ag Oifigigh Sábháilteachta agus Ionadaithe Sábháilteachta in ionaid éagsúla na Seirbhíse Cúirteanna, chun feasacht a chinntiú i measc foirne sláinte agus sábháilteachta. Tá na hOifigigh Sábháilteachta ceaptha ag na Bainisteoirí Réigiúnacha mar dhaoine atá freagrach ar bhonn laethúil do Shláinte agus Sábháilteacht. Tá Ionadaithe Sábháilteachta roghnaithe ag an bhfoireann le hionadaíocht a dhéanamh dóibh i gcomhairliúcháin leis an mbainistíocht ar cheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa sa láthair oibre.

Cad iad na dualgais atá ar Oifigeach Sábháilteachta?

- Measúnú Riosca a chomhlíonadh agus Fo-Ráiteas Sábháilteachta a réiteach
- Gach fostaí a chur ar an eolas faoi shocruithe sláinte agus sábháilteachta áirithe dá limistéar/bhfoirgneamh
- Cinntiú go bhfuil an trealamh sábháilteachta cothabháilte i gceart
- Imscrúdú a dhéanamh ar thionóiscí agus • tuarascálacha a sheoladh ar aghaidh chuig an mBainisteoir Réigiúnach
- Caighdeáin agus nósanna imeachta sábháilteachta éigeandála agus dóiteáin a chothabháil
- Ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a chuimsiú ar chlár na gcruinnithe foirne/bainistíochta
- Déileáil go díreach leis na hIonadaithe Sábháilteachta
- Cinntiú go bhfuil bealach sábháilte isteach agus amach i gcónaí

Cén dualgais atá ar Ionadaí Sábháilteachta?

Níl dualgais ar bith ar Ionadaí Sábháilteachta (seachas mar fhostaí), ach tá feidhmeanna acu. 'Siad feidhmeanna an Ionadaí Sábháilteachta ná:

- Uiríll a dhéanamh chuig an bhfostóir faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa
- Uiríll a dhéanamh chuig Cigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- Comhairle agus faisnéis a aimsiú ó Chigirí ÚSS
- Cigireachtaí a chomhlíonadh ar an láthair oibre faoi réir réamhfhógra a thabhairt don bhfostóir
- Cigire ÚSS a thionlacan cigireacht a chomhlíonadh lasmuigh d'imscrúdú tionóisce mura bhfuil cead tugtha ar dhiscréid an Chigire
- Ar dhiscréid an chigire, agus nuair a dhéanann an fostaí ábhartha iarratas, a bheith i láthair nuair atá fostaí á c(h)ur faoi agallamh faoi thionóisc sa láthair oibre
- Comhairliú agus comhoibriú le hionadaithe sábháilteachta eile laistigh den tSeirbhís Chúirteanna

Cad iad na dualgais atá ort mar fhostaí?

Caithfidh tú:

- Comhoibriú le d'fhostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa sa láthair oibre
- Gan a bheith i mbun iompraíochta mhíchuí ar bith a chuirfeadh do shábháilteacht féin nó sábháilteacht dhuine eile i mbaol
- Cinntiú nach bhfuil tú faoi thionchar ag ábhar meisciúil ag leibhéal a chruthaíonn baol duit féin nó do dhaoine eile sa láthair oibre
- Páirt a ghlacadh in oiliúint shláinte agus sábháilteachta atá soláthraithe ag an bhfostóir
- Lochtanna ar bith sa láthair oibre, sa trealamh nó san innealra go bhféadfadh baol a chruthú ó thaobh sláinte agus sábháilteacht a thuairisciú

Cad iad dualgais an fhostóra?

Caithfidh an fostóir s'agat:

- Na gníomhaíochtaí oibre ar fad a bhainistiú agus a stiúradh chun do shábháilteacht, sláinte agus leas féin agus do chomhghleacaithe a chinntiú
- Iompar nó iompraíocht mhíchuí a chosc
- Córais oibre atá sábháilte a sholáthar
- Saoráidí leasa atá sásúil a sholáthar
- Measúnuithe riosca agus ráitis shábháilteachta a réiteach
- Treoir agus oiliúint shásúil duit féin agus do chomhghleacaithe a sholáthar
- Tionóiscí agus tarlúintí dainséaracha a thuairisciú chuig an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Pleananna aslonnaithe a réiteach

Cad is Ráiteas Sábháilteachta ann?

Tá dualgas ar fhostóirí de réir Ailt 20 an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 doiciméad a ullmhú dar teideal Ráiteas Sábháilteachta a shonraíonn an bealach ina dhéantar sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, agus daoine eile atá i láthair san ionad oibre i.e baill an phobail, cuairteoirí srl. a chosaint. Caithfidh an Ráiteas seo Measúnú Riosca a chuimsiú a dhéanann na guaiseanna sa láthair oibre a aithint agus measúnú ar na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre atá cruthaithe ag na guaiseanna seo.

An bhfuilim i dteideal an Ráiteas um Shábháilteacht agus Measúnú Riosca a fheiceáil?

Tá. Tá Ráiteas Sábháilteachta Bheartais Chorparáidigh na Seirbhíse Cúirteanna agus teimpléad den bhFo-Ráiteas Sábháilteachta araon, atá le comhlánú maidir le gach ionad oibre, ar fáil ar Leathanach Sláinte agus Sábháilteachta na Faisnéise Cúirteanna. Déanfar cóip den Bheartas Corparáideach a thabhairt do gach ball foirne, chomh maith le cóip den bhFo-Ráiteas Sábháilteachta (a chuimsíonn measúnú riosca) a bhaineann le láthair oibre an bhaill foirne sin.

An bhfuil teocht íosmhéide nó uasmhéide ann maidir le hoifigí?

Sonraíonn Treoirlínte ÚSS go gcaithfidh na hoifigí íosteocht de 17.5° C a shroicheadh tar éis an chéad uair a' chloig oibre. Níl aon uasteocht sonraithe de réir na Rialachán, ach molann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta go luíonn an teocht inghlactha d'obair oifige idir 18 agus 23° C.

Cad í an íosmhéid spáis a mholtar in oifig de réir duine?

In oifigí, ba chóir go mbeadh íosmhéid spáis urláir de 4.65M ceadaithe• do gach duine, a chuimsíonn an limistéar ina bhfuil do dheasc agus cathaoir, ach nach gcuimsíonn comhadchaibinéid agus trealamh oifige eile.

An bhfuilim i dteideal do thástáil súil?

Má tá tú faoi 40 agus ríomhaire in úsáid agat, tá tú i dteideal do thástáil súl amháin gach cúig bliana. Má tá tú os cionn 40 agus ríomhaire in úsáid agat, tá tú i dteideal do thástáil súl gach dhá bhliain. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Lámhleabhar Foirne.

Airím go bhfuil bulaíocht á imirt orm, cén duine lena ndéanaim teagmháil?

Tá beartas na Státseirbhíse ar Chiapadh, Ciapadh Gnéasach agus Bulaíocht ar fáil ar láithreán Acmhainní Daonna na Faisnéise Cúirteanna. Tá liosta de dhaoine teagmhála, a sholáthróidh faisnéis, trí idirphlé rúnda, neamh-bhreithiúnach agus ar bhonn neamhnochta, ar fáil ar an láithreán seo. Is féidir leat leas a bhaint chomh maith, as seirbhísí an Oifigigh Cúnta Fostaithe, Deirdre Maye Uasal (Uimh. Teileafóin 01- 8886099).

Ag tacú leis an Seachtain Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte

Tharla an Seachtain Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht i mbliana idir an 22ú agus 26ú Deireadh Fómhair. Chun feasacht a mhéadú ar Shláinte agus Sábháilteacht sa láthair oibre, d'eagraigh an tSeirbhís Chúirteanna tráth na gceist, bunaithe ar dhoiciméid Shláinte agus Shábháilteachta na Seirbhíse Cúirteanna, agus bhí dearbhán €75 mar dhuais don bhuaiteoir. Bhí na freagraí le fáil i Ráiteas Sábháilteachta Bheartais Chorparáidigh na Seirbhíse Cúirteanna nó Teimpléad Fo-Ráitis na Seirbhíse Cúirteanna. Tá an dá dhoiciméad inrochtana trí chliceáil ar Fhaisnéis na gCúirteanna/Sláinte agus Sábháilteacht/Beartas Corparáideach na Seirbhíse Cúirteanna ar Shláinte agus Sábháilteacht. Bhí freagra iontach againn ar an tráth na gceist.

Bá é a buaiteoir ná an tUasal Kevin Cahill ó Chúirt Chuarda Chorcaí. Tá an-aithne ar Kevin i gCúige Mumhan, tríd an dlúthbhaint atá aige le cúrsaí railí ina chuid ama saor. Feicimid dearbhán á bhronnadh anseo ar Kevin, ag Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt, an tUasal Eamonn Kiely.

An Chúirt Chuarda Nua Breitheamh

Tugadh mionn oifige le déanaí don Uasal Raymond Fullam S.C. mar bhreitheamh na Cúirte Cuarda. Rugtha i 1947, ghnóthaigh an Breitheamh Fullam céim ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i dTráchtáil agus Ealaíon agus cháiligh sé mar chuntasóir cairte. Glaodh chun an bharra é i 1977 agus chun an Bharra Inmheánaigh i 1995. Idir 1977 agus 1995, chleachtaigh sé ar Chuaird an Oirthir agus i mBaile Átha Cliath. Ó 1983 go dtí 1991, rinne sé ionadaíocht don Stát mar ionchúisitheoir do Chontae Chill Dara. Bhí an Breitheamh Fullam ag léachtóireacht sa dlí ioncaim in Óstaí na Rí ó 1983 go dtí 1990, agus tá sé ina bhall de Bhord Achomhairc Drugaí an CLG ó 2002.
Guímid gach rath ar an mBreitheamh Fullam ina phost nua.

Fás amach beag á dhéanamh ag Oifig Meáin na Seirbhíse Chúirteanna

Tá an tSeirbhís Chúirteanna le cuidiú a fháil ina gcuid déileálacha leis na meáin ón Uasal Luke O'Neill, atá ceaptha ag Curran Communications Ltd mar Oifigeach na Meán. D'oibrigh Luke, atá 23, in éineacht le Gerry Curran, Comhairleoir um Chaidreamh leis na Meáin, ag soláthar pointe teagmhála nuachta do na meáin ar feadh deich uair a'chloig in aghaidh an lae, agus leis an tSeirbhís Chúirteanna agus na breithiúna, ó thaobh cur chuige agus pleanáil ar cheisteanna agus imeachtaí poiblí.

Ó Bhaile Brigín ó dhúchas, is céimí iriseoireachta é Luke, a ghnóthaigh céim onórach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i 2006. Tá tréimhsí oibrithe aige leis an Irish Times agus Newstalk 106.
D'oibrigh sé leis Preas-Oifig Pharlaimint na hEorpa i Londain do chéad leath den bhliain seo. Tá ról ceannasach comhlíonta ag Luke chomh maith nuair a bhí sé ag déileáil le fiosruithe ar Rannóg Pleanála Comhairle Contae Fhine Gall. Tá obair agus staidéar déanta aige chomh maith i Sydney na hAstráile.

I mí Aibreán 2005, bhuaigh sé

Luke O'Neill (Oifigeach Caidrimh Phoiblí) ag socrú isteach ina ról nua.

Dámhachtain Náisiúnta Méan na Mac Léinn don Ghné-Scríbhneoir is Fearr(Na hEalaíona agus Léirmheasanna) d'ailt a d'fhoilsigh sé i bhfoilseachán DCU, 'College View'. I mí Márta 2004, bhain sé amach ardmholadh i gcatagóir an Ghné-Scríbhneora Ealaíona is Fearr mar chuid de Dhámhachtainí Hibride an Chumainn Léirithe Meán. I mí Márta 2005, bhain sé amach a dhara ardmholadh sa chatagóir chéanna.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Luke ag 01-8886064 nó luke.o'neill@courts.ie

Eamonn Mongey

D'fhreastal Eamonn Mongey, a d'éag ar an 23 Meán Fómhair, in oifigí éagsúla na hArd-Chúirte ó 1947 go dtí 1987, roimh a thosaigh sé ag cleachtadh sa Bharra. Cé gur fhreastal Eamonn níos déanaí ina ghairm sna cúirteanna mar Phríomh-Chláraitheoir na hArd-Chúirte agus mar Chláraitheoir na Cúirte Uachtaraí, smaoineofar ar a ainm i gcónaí maidir le Dlí Phrobháide, go háirithe i measc chleachtóirí dlí. Lasmuigh dó a bheith ina Oifigeach Probháide Cúnta ar feadh roinnt blianta, bhí Eamonn mar chomhairleoir probháide don Chumann Dlí agus ina údar ar bhíobla na gcleachtóirí, 'Probate Practice in a Nutshell', atá anois sa tríú eagrán.
San Oifig Phrobháide, bhí Eamonn i gcónaí ar fáil do bhaill foirne agus bhí dúil aige a chuid eolais a roinnt, ach san am céanna bhí súil aige go ndéanaidís iarracht ar réitigh a aimsiú d'fhadhbanna, sula ndearnadar iad a phlé leis. Bhí sé fíor-chothrom mar dhuine agus dhéileáil sé le ceisteanna pearsanta go discréideach. Bhí nós aige a rá "is oifig ghnóthach í seo", a bhí tógtha ó líne oscailte na tuarascála don Oifig Phrobháide mórán blianta roimhe sin, agus chríochnaigh an ráiteas mar mhana i measc lucht foirne na hoifige agus, go deimhin, foirne na n-oifigí eile.
Bhí Eamonn fíor-ghníomhach i gcóisir bhliantúil intí na Nollag don Oifig Phrobháide tráth dá raibh, agus d'éirigh leis go ginearálta "píosa scléipe" a bhaint ó gach duine. Is minic a thiocfadh Eamonn isteach chun na hoifige ar laethanta teo samhraidh le cúpla bloc uachtair reoite chun faoiseamh a sholáthar do na trúpaí. Bhí sé mar scrúdaitheoir Gaeilge ar feadh mórán blianta do Chumann Onórach Óstaí na Rí.

Lasmuigh dá chlú sa réimse dlí probháide, a bhí tuillte go maith, bhí cáil níos leithne ar Eamonn a d'eascair óna scil mar pheileadóir gaelach. Ó Chaisleán an Bharraigh ó dhúchas agus ina bhall de chumann C.L.G. na Mistéalaigh, d'imir Eamonn ar fhoirne buacacha uile-Éireann do Mhaigh Eo i 1950 agus 1951, inar chaith sé an glas agus dearg go bródúil. Ar feadh mórán blianta, scríobh sé colún spóirt sa Sunday Press agus measadh go raibh tionchar mór aige i bhfeachtas na 1960aidí chun fáil réidh leis an gcosc ar imirt na gcluichí eachtracha.
Cuirimid ár gcomhbhróin in iúl do bhean Eamonn, Barbara, agus a iníonacha, Ruth agus Anne-Barbara, agus a mhac Peter. Fuair mac le hEamonn, David, bás roimhe.

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

Michael Moriarty: In Ómós

Bhí croitheadh agus díchreideamh mórthimpeall na Seirbhíse Cúirteanna thar an deireadh seachtaine den 7 Meán Fómhair roimh an nuacht brónach go raibh Michael Moriarty imithe ar shlí na fírinne go tobann agus é 44 bhliana d'aois. Ní mar gheall go raibh sé cuíosach óg ach mar gheall gur chailleamar comhghleacaí agus cara chomh maith go raibh tionchar chomh mór sin aige orainn.

Thosaigh Michael amach ar a ghairm beatha sna Cúirteanna i 1981 san Oifig Phrobháide áit a raibh sé ag obair in Oifig na Rialacha, Oifig an tSuíocháin agus sa rannóg Iarratas Pearsanta, agus dár ndóigh, bhuail sé leis an bhean a bheadh mar chéile aige amach anseo, Annette O'Connell, atá anois ina hOifigeach Probháide. I 1989 chuaigh sé ar aghaidh chuig Oifig an Mháistir Fómhais agus bhog sé as sin chuig Oifig na gCoimircithe Cúirte tar éis cúpla bliain. Thosaigh Michael ar shos gairme ag deireadh 2005. Os rud é go raibh sé d'ádh agus de phribhléid orm a bheith ag obair san Oifig Phrobháide agus in Oifig na gCoimircithe Cúirte araon in éineacht leis, is féidir liom a rá gur pléisiúr a bhí ann oibriú leis, mar gheall ar an ndíograis, foighne gan staonadh agus cúram dá dhualgas a bhí aige i ngach tasc a rinne sé. Ní raibh a leithéid de rud ann agus a bheith ag cur as dó nuair a bhí sé ag tabhairt cúnamh do chustaiméir nó do chomhghleacaí.
Gan dabht ar bith bhí saol Michael taobh amuigh den obair dírithe ar Annette agus ar a bpáistí Megan agus Emmet. Sa bhaile, chuir Michael agus Annette agus a gcairde an domhan ina cheart thar chupán caife ina gcistin. D'éist Michael le ceol in éineacht le Megan, d'fhéach sé ar agus bhí plé aige faoi scannáin le Emmet nó bhí spraoi aige leo beirt agus lena madra Poppy, radhairc a rinne dearthair céile Michael, Tomás, cur síos air chomh héifeachtach sin ina aitheasc ag Aifreann sochraide Michael.

Is buaicphointe i mbliain mhuintir Moriarty a bhí sa thuras bliantúil go dtí an Clochán i gContae Chiarraí. Ba ghné den chuairt seo a bhí sa scannán bliantúil a bhí scríofa, léirithe agus stiúrtha ag Michael agus é sa phríomhpháirt, chomh maith le gach duine dá chlann agus cairde a bhí timpeall agus a raibh sé in ann iad a bhladar, a bhagairt nó a mhealladh ar bhealach eile chun páirt a ghlacadh ann. Go bhfios dom ní dheachthas i muinín dúmhál ariamh.

Is iomaí rud a chuir Michael suim iontu. Bhí dúil mór sa léitheoireacht aige, agus is annamh a bhíodh sé gan leabhar. Bhí cur amach ciclipéideach ar scannánaíocht aige agus paisean mór aige do cheol de gach cineál, le gean ar leith d'amhránaithe/scríbhneoirí amhrán cosúil le Bob Dylan, agus Donavan, ar thug a nia Eoin leagan álainn dá amhrán 'Catch The Wind' ag Aifreann sochraide Michael.

Tá a fhios ag go leor daoine sa tSeirbhís Chúirteanna faoin suim a bhí ag Michael san ealaíon, go háirithe an cumas a bhí aige ag tarraingt cartúin a tháinig chun solais sna blianta tosaigh ina raibh sé san Oifig

Phrobháide. Chomh maith lena chumas ealaíonta bhí tuiscint aige don ghreann agus inchinn ghéar agus is é an toradh a bhí air seo ná 'The Probate Press', greannán a rinne aoir ar a chomhghleacaithe agus, dár ndóigh, air féin ag an gcóisir Nollag inmheánach a bhí traidisiúnta san am sin. Bhí tóir ar an scil a bhí aige, ag maisiú cuirí, cártaí beannachta agus leabhair anois is arís. Buíochas le Dia, tá go leor dá chuid oibre ar fáil sna seaneagráin de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna, lena ndearna sé tarraingtí chun roinnt ailt a mhaisiú. Is buaicphointe de roinnt eagráin Nollag leanúnacha a bhí sna cartúin Daidí na Nollag agus Rudolf a bhí aige, ag tabhairt a bharúil ar na forbairtí is déanaí sa tSeirbhís Chúirteanna cosúil le pleanáil gnó, pleanáil straitéiseach agus CBFF. Tá a phóstaer den scoth, 'Compántas na Cúirte', a d'ullmhaigh an Oifig Faisnéise mar threoir do mhic léinn, ar crochadh i go leor oifigí cúirte.

Bhí Michael ar tí dul i mbun dúshlán nua, agus áit bainte amach aige i gColáiste Phádraig chun staidéar a dhéanamh ar mhúinteoireacht bhunscoile, gairm a bhfuil gach duine a raibh aithne acu air cinnte go gcuirfeadh sé leis go mór. Go brónach, ní tharlóidh sé.

Cé go raibh Michael in ann cuma ciúin foirmiúil, nochtaigh sé tréith an spraoi a bhí ann i gcomhluadar iad siúd a raibh aithne maith aige orthu. Ní hamháin go raibh sé in ann an páiste a bhí taobh istigh dó féin a nochtadh, ach an páiste iontu siúd a bhí mórthimpeall air freisin. Beidh cuimhne againn ar an ngreann pleidhciúil sin mar chuid d'oidhreacht Michael.

Bhí saol gearr ag Michael, i bhfad róghearr, ach is fada an liosta den méid a chuir sé i gcrích. Aireoidh an líon mór comhghleacaithe agus cairde sa tSeirbhís Chúirteanna uathu go mór é.

Déanaimid comhbhrón ó chroí le Annette, Megan agus Emmet, lena nia Shane in Oifig an Chuntasóra agus lena mhuintir go léir.

Ar dheis Dé go raibh a anam dhílis.

Noel A. Doherty

Ag fearadh fáilte mhór Éireannach do chuairteoirí ó gach cearn den domhan

Is bliain gnóthach eile a bhí ann do chuairteoirí chuig an tSeirbhís Chúirteanna. Bhí grúpaí ar cuairt chugainn ó go leor tíortha, lena n-áirítear an Astráil, an Fhionlainn, an Aifric Theas, an Iorua, Sasana agus na Stáit Aontaithe. Rinneadh cur i láthair do na cuairteoirí ar raon leathan ábhar, ón gcóras ar líne d'éilimh bheaga, go dlínse sibhialta agus coiriúil agus an nós imeachta in Éirinn chun déileáil leis na meáin. Tá roinnt de na grúpaí is déanaí a bhí ar cuairt thíos, a tháinig ó chomh fada i gcéin le Srí Lanca agus Leosóta.

Brendan Ryan, Seirbhísí Corparáideacha agus an Breitheamh Peter Kelly, an Ard-Chúirt le breithiúna ó Leosóta i dTeach an Fhionnuisce.

Dlíodóirí ó Srí Lanca leis an mBreitheamh Maureen Clark, an Ard-Chúirt agus Elisa D'Arcy, An tAonad Tacaíochta Breithiúnaí le linn a gcuairt chuig na Ceithre Chúirt.

Noel A. Doherty, Athchóiriú agus Forbairt, ag labhairt le grúpa breithiúna ón Eilvéis faoi "gníomhaireacht neamhspleách a bhunú chun seirbhísí cúirte a bhainistiú - taithí na hÉireann."

P.J. Fitzpatrick, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ag déanamh cur i láthair le toscaireacht breithiúna agus cléirigh cúirte cathrach a bhí ar cuairt ó Osló.

Breitheamh Francach Francois Pernot (lár) i dteach cúirte Chaisleán an Bharraigh le Cláraitheoir Chontae Mhaigh Eo Fintan Murphy (deis) agus Brendan McDonald (Bainisteoir Réigiúnda an Iarthair). Chuaigh an Breitheamh Pernot ar cuairt ar Chúirteanna Teaghlaigh Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath.

Tháinig toscaireacht ó Abú Daibí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar cuairt ar chlár trí lá ag féachaint ar na réimsí pleanála gnó, theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide poiblí in ár Seirbhís Chúirteanna mar chuid den clár leanúnach nuachóirithe. Is é an Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt a chabhraigh leis an gcuairt.

John Buckley

John Buckley ag fáil bronntanas ó Eamonn Kiely (Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt) ag a ócáid scoir.

Eagraíodh ócáid scoir le déanaí san Abbey Hotel, an tAonach mar chomóradh ar John Buckley, Príomhchléireach ar Oifig Chúirt Dúiche an Aonaigh a bheith ag dul ar scor. Bhí bailiúchán mór ann de bhreithiúna, aturnaetha, Cléirigh na Cúirte Dúiche a bhí ag freastal agus ar scor, Scrúdaitheoirí a bhí ar scor agus cairde nach gcaillfeadh an deis chun slán a rá le Cléireach na Cúirte Dúiche a bhfuil an-ghnaoi agus ardmheas ag daoine air.

Labhair cainteoir i ndiaidh cainteoir, ar son na breithiúnachta, cleachtóirí dlí, an tSeirbhís Chúirteanna agus Gardaí faoin gcur chuige thar a bheith gairmiúil a thug John chuig an bpost agus an ardmheas a bhí ag gach duine a raibh teagmháil acu leo air.

Mar fhreagra, thug John stair achomair ar a ghairm beatha ar bhealach aoibhinn, uair amháin nach raibh sé ag cloí leis an íomhá cúthail ina gcuireann sé síos air féin. Thosaigh sé a ghairm beatha sa tSeirbhís Mheitéareolaíoch sa Mhuileann gCearr áit a rinne sé cairdeas mór le Jim Ahern, Iniúchadh Inmheánach, a d'fhág an tSeirbhís Mheitéareolaíoch chun dul isteach i gCúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Chuir Jim ina luí ar John cur isteach ar phost mar Cléireach Chúirte Dúiche Réigiúnach. Chun dul i mbun a phost bhí ar John taisteal suas chuig an Roinn Dlí agus Cirt i mBaile Átha Cliath ar dtús agus dúradh leis ansin go raibh sé chun dul i mbun dualgas in Oifig Chúirt Dúiche Loch Garman. Nuair a shroich sé Stáisiún na dTraenach i Loch Garman chas a cheannaire nua air, a dúirt leis go raibh a lóistín socraithe dó cheana féin (Is cinnte go raibh Leas na mBall Foirne go hard ar an gclár oibre fiú amháin ansin).

D'inis sé faoi roinnt den taithí a bhí aige sa phost agus an iliomad athruithe a bhí feicthe aige i gcaitheamh na mblianta. Labhair sé faoi na hamanna taitneamhacha a bhí aige agus na carachtair difriúla a raibh sé i dteagmháil leo.

Guímid gach rath ar John, a bhean chéile agus a mhac sna mblianta atá amach romhainn.

Michael Goulding

Ciaran Kelly

Ciaran Kelly ag fáil cóip sínithe den Dialann Dlí ó Nuala McLoughlin (An Stiúrthóir Oibriúcháin, An Chúirt Uachtarach agus an Ard-Chúirt) mar chomóradh agus é ag dul ar scor

Tháinig daoine a bhí i gcéin agus i gcóngar chun slán a rá le Ciaran Kelly agus é ag dul ar scor óna phost mar Phríomhchláraitheoir na hArd-Chúirte le déanaí.

D'aistrigh Ciaran chuig an Ard-Chúirt déanach sna 1970í tar éis roinnt blianta i gCúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ag obair san Oifig Phrobháide roimh dul ag freastal sa Chúirt Uachtarach ar feadh píosa. Agus é ag fáil ardú céime d'fhreastal sé in Oifig an Scrúdaitheora ar feadh píosa áit a raibh sé i mbun dualgais mar Scrúdaitheoir Cúnta ar taobh na féimheachta agus na seansaireachta araon. Is é an cúram deiridh a bhí air ná sa Phríomh-Oifig áit a raibh sé mar chláraitheoir ag dul chun na cúirte ar feadh blianta fada sular ghlac sé leis an ról mar Phríomhchláraitheoir.

Is rud iomchuí a bhí ann go bhfuair sé chóip den Dialann Dlí i bhfráma mar chuid dá bhronntanas a bhí sínithe ag baill den bhreithiúnacht mar gheall go mbeidh an cuimhne is fearr ag go leor daoine air don phost cúblála a rinne sé gach lá ag déanamh cinnte go raibh breitheamh agus cláraitheoir ag gach Ard-Chúirt. Agus líon na mbreithiúna ag dul i méid, leis an méadú i líon na gcláraitheoirí a bhí ag dul leis sin, tugadh dúshlán iomlán ar na scileanna eagrúcháin a bhí ag Ciaran. D'éirigh leis an dúshlán a shárú, le cúnamh ó fhéith an ghrinn a bhí aige agus cumas guaim a choinneáil air féin nuair a bhí cúrsaí deacair.

Bhí a fhios agat i gcónaí go raibh Ciaran thart – bhí a gháire mór croíúil le cloisteáil na mílte ó bhaile.

Bhí rath mór air san Eoraip áit a raibh sé mar ionadaí na hÉireann ar Choimisiún na hEorpa um Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ). I 2006 toghadh chuig Biúró den CEPEJ é, eagraíocht le ceithre bhall a tarraingíodh ó ionadaithe bhallstáit an AE. Is rud le moladh a bhí ann os rud é go bhfuil péire de na poist ag an bhFrainc agus ag an nGearmáin agus go raibh an Ríocht Aontaithe san iomaíocht sa thoghchán freisin.

Ní bheidh easpa rudaí le déanamh aige agus é ar scor. Tá aithne air mar cheoltóir a bhfuil go leor tallainne aige, gan trácht ar a chuid scileanna mar thógálaí agus an grá atá aige don fharraige. "Thaitin mo chuid ama sna cúirteanna liom" a dúirt sé agus é ag crochadh seolta do shaol taobh amuigh de na Ceithre Chúirt.

Guímid gach rath air agus ar a theaghlach is cuma cá sciobann an ghaoth iad.

Helen Priestley

Athrú ag an mbarr i Rannán Beartais na gCúirteanna

Ceapadh Oonagh McPhilips chuig an post is airde mar Phríomhoifigeach i gceannas ar Rannán Beartais na gCúirteanna sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tar éis do John Cronin dul ar scor le déanaí.

Bhí John, a chuaigh ar scor tar éis gairm bheatha chéimiúil ar feadh 42 bhliana sa státsheirbhís, mar Phríomhoifigeach i gceannas ar Rannán Beartais na gCúirteanna le sé bhliana anuas. Tar éis tosú amach sa Roinn Sláinte, chuaigh sé go dtí Dlí agus Cirt i 1973 tar éis ardú céime go hArdoifigeach Feidhmiúcháin. Sa Roinn Dlí agus Cirt, d'fhreastal sé sna Rannáin Dlí, Gardaí agus Rúnaíochta chomh maith le tréimhse roimhe seo i Rannán na gCúirteanna ó 1973 go 1983. Tá aithne mhaith ag go leor dá chomhghleacaithe air – agus aireoidh siad uathu go mór é – óna chathaoirleacht shocair éifeachtach ar an mBrainse Dlí agus Cirt den AHCPS. Tá sé ag siúl le níos mó ama a chaitheamh ag taisteal agus níos mó a fheiceáil dá muintir sa bhaile agus san Astráil. Bhí oíche den scoth mar chomóradh ar sheirbhís fhada chéimiúil John ag an líon mór comhghleacaithe agus cairde a tháinig le céile sa Russell Court Hotel chun gach rath a ghuí orthu agus iad ar scor.

Is í Oonagh McPhillips an Príomhoifigeach nua i Rannán Beartais na gCúirteanna agus tá aithne ag go leor daoine sa tSeirbhís Chúirteanna uirthi agus í ag obair mar Rúnaí Príobháideach an Aire san am atá thart agus mar Oifigeach Preasa na Roinne le déanaí.

Guímid gach rath ar Oonagh ina ról nua.

Brendan Carley

Brendan Carley, lena mhac Brian agus a iníon Louise ag a chóisir scoir i mBaile Átha Troim.

Chuaigh Brendan Carley ar scor ó Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim le déanaí tar éis freastal mar Chléireach na Cúirte Dúiche ann ar feadh 25 bhliana. Roimh a chuid ama sa tSeirbhís Chúirteanna bhíodh Brendan ag obair sa Roinn Poist agus Telegrafa agus bhí os cionn 40 bliain de sheirbhís aige san iomlán. D'fhreastal sé le ceithre Bhreitheamh na Cúirte Dúiche le linn a chuid ama i mBaile Átha Troim – an Breitheamh Donal Kearney, an Breitheamh Len Clifford agus an Breitheamh Aoghan O'Raghallaigh (atá ar shlí na fírinne anois) agus bhí sé ag obair le Breitheamh John Brophy le 16 bhliana anuas ó mhí Mheán Fómhair 1991.

Bhí ceiliúradh ar bun in Trim Castle Hotel chun comóradh oifigiúil a dhéanamh ar an ócáid agus Brendan ag dul ar scor. D'éirigh thar cionn leis an imeacht agus bhí freastal mór air ag aturnaetha áitiúla, baill den Gharda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa, Ionad Dlí na hUaimhe agus Tearmann do Mhná na Mí. Bhí ionadaíocht mhaith ag an Seirbhís Chúirteanna ag baill foirne, a raibh taisteal fada déanta ag cuid mhaith acu ar an oíche, le baill foirne ó Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim atá ar scor ina measc. Ghuí a chomhghleacaithe, in éindí leis an mBreitheamh Brophy, a bhean chéile, Cláraitheoir an Chontae Mary O'Malley, baill foirne na Cúirte Cuarda agus mhuintir Brenda, gach rath ar Brendan agus é ag dul ar scor.

Thug roinnt daoine moladh do Brendan ar an oíche – an Breitheamh Brophy, an Ceannfort Charles Devine thar ceann na nGardaí, Paul Brady thar ceann Comhlachas Barra na Mí agus Mary O'Malley, Cláraitheoir nua an Chontae. Léigh Mary amach litir freisin ó iar–Chláraitheoir an Chontae, Maire Tehan, nach raibh in ann a bheith i láthair ar an oíche de bharr tiomantais theaghlaigh roimhe sin. Bhí cúpla focal ó Ann Price, Noeleen Halpin agus Audrey Cadden freisin. Is téama a bhí sna hóráidí ar fad ná go mba duine uasal ceart é Brendan a bhí soshroichte, sásta comhoibriú agus a d'oibrigh go crua, agus a raibh caidreamh iontach oibre aige le gach duine. Rinne Michael (a bhfuil aithne níos fearr air mar Mickey) Regan, aturnae, óráid gan coinne inar bhronn sé cóip uathúil de bhailiúchán dánta ón bhfile Frederick R. Higgins, nach maireann, ó Bhaile Átha Troim ar Brendan. Mhol sé do Brendan é a úsáid mar phreabchlár dá dhara bailiúchán dánta féin agus thug sé go leor cosúlachtaí idir stíl an Uasail Higgins agus stíl Brendan ar aird. Bhí an grá atá ag Brendan ar dhamhsa le feiceáil nuair a bhí na hóráidí críochnaithe agus chuaigh go leor amach ag damhsa leis. Bhí reacaireacht againn ó Brendan freisin, amhrán ó Noel Brennan (óna Midnighters cáiliúla) agus píosa grinn le John Byrne ó na hAturnaetha Regan McEntee.

Ó thaobh na hoibre de, aireofar an taithí fhairsing a bhí ag Brendan uainn go mór. D'aontaigh sé go cineálta dul ag obair dhá lá in aghaidh na seachtaine go dtí deireadh na bliana chun oiliúint a chur ar Lorraine Fagan a bheidh ag dul ina ionad. Táimid cinnte nach mbeidh fadhb ar bith ag Brendan a chuid ama a líonadh ina dhiaidh sin áfach agus guímid sláinte mhaithe air chun sult a bhaint as tréimhse fhada shásta ar scor lena mhuintir.

Noeleen Halpin

Ag Tacú lenár bhFoireann

Ag leanúint ar aghaidh ó Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna deiridh agus an chaoi gur féidir le baill foirne na gcúirteanna a scileanna sa láthair oibre a fheabhsú le cabhair ón Aonad Oiliúna, seo cuid de mhic léinn na Seirbhíse Chúirteanna a bhíonn ag obair go crua agus iad ag baint amach céime.

Bhain na céimithe ar fad leas as aisíoc táillí agus scéimeanna saoire staidéir le linn dóibh a bheith ag staidéar. Is féidir le duine ar bith a bhfuil suim acu i gceachtar de na cúrsaí seo dul chuig www.ucc.ie nó www.ucd.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

Ruth Penny ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt agus Noreen Kerins ó Oifig Chúirt Dúiche Chorcaí, ag fáil a ndioplómaí i Síceolaíocht an Iompair Coiriúil ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is cúrsa dhá bhliain a bhí i gceist a raibh siad ag freastal ar léachtaí, uair in aghaidh na míosa, oíche Aoine agus lá iomlán ar an Satharn, lena linn.

Declan Kelly as Oifig Chúirt Chuarda na hIarmhí. Bhain Declan dioplóma i Staidéar Gnó amach ón gColáiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath. Tá sé anois ag dul i mbun dhá bhliain eile i gCOBÁC agus tá súil aige a Chéim i Staidéar Gnó a chríochnú.

Tá sé ag imeacht le fána as seo...

Taca na hama seo, is féidir leis an gcaolsheans atá againn go mbeidh lá Nollag bán againn meangadh gáire a chur ar aghaidh dhuine ar bith. Ach cén fáth go bhfanfá ar aimsir na hÉireann chun a bheith ag cur sneachta nuair is féidir brath air go mbeidh sé ann áit éigin eile, inar féidir leat dul amach agus a bheith gníomhach? Is rogha amháin atá ann ná saoire sciála san Ostair. Gan é ach eitilt ghairid uainn, tá go leor deiseanna ar thurasóireacht gheimhridh ann píosa fada isteach sa Bhliain Úr, mar a fuair Luke O'Neill amach:

Déanann turasóireacht gheimhridh suas 4.5 faoin gcéad de gheilleagair náisiúnta na hOstaire, rud a dhéanann an maíomh atá acu gur rugadh sciáil le fána ann níos éasca a chreidiúint. Tá an chuid is mó de na hionaid saoire sa thír bheag álainn seo suite sa cheantar Tirol san iarthar. Is iad **Obergurgl**, Zell am See, Saalbach agus Söll na háiteanna is mó a bhfuil tóir orthu.
Is ionad saoire a bhfuil tóir mór air é Obergurgl, atá suite sa Ghleann Oetz, a d'fhéadfadh a bheith mar rogha maith do ghrúpaí le hábaltachtaí difriúla. Cé go bhfuil tóir air, níl na fánaí atá ann róphlódaithe. Agus é in airde 6,332 troigh, faigheann an sráidbhaile clúdach iontach sneachta. Tá séasúr sciála níos faide mar thoradh air seo.

Níl an dá cheantar sciála, **Gaisberg** agus **Festkogl**, atá nasctha le chéile ollmhór ach tá éagsúlacht sa thír-raon ann, ag freastal ar thosaitheoirí agus sciálaithe cumasacha araon. Tá rochtain ar Gaisberg le cathaoireacha suíochán agus is féidir rochtain a fháil ar Festkogl le gandala nua-aimseartha. Téann na fánaí sciála ar an Festkogl agus Gaisberg díreach síos chuig an sráidbhaile. Do sciálaithe idirmheánacha tá rogha leathan de cúrsaí gorma agus dearga atá fada fairsing ar fáil. Do sciálaithe maithe, is é Hohe Mut ceann de na cúrsaí tuairteála níos mó atá in Tirol, tá sciáil iontach amach ón bpiste i Sattel agus is cúrsa géar atá in Festkogl. Tá saol na hoíche beagán níos ciúine ná cuid de na hionaid saoire eile, mar sin má tá après-ski beo bríomhar uait b'fhéidir nach é seo an áit is fearr.

Is ionad saoire é **Zell am See** atá go hálainn ar fad, é suite cois locha agus le fánaí coille, agus atmaisféar teolaí ann. Is féidir Sliabh Schmittenhöhe a fheiceáil ó shráideanna ársa duirleoga an bhaile. Tógann na cúrsaí fada síos ón mbinn i dtreo an bhaile thú. Tá rochtain éasca ar Kaprun, ionad saoire eile a bhfuil tóir mór air, le bus sciála áitiúil, chomh maith leis an oighearshruth Kitzsteinhorn atá 10,000 troigh ar fhad.

Tá **Saalbach** suite 20km ó Zell am See. San iomlán, mar chuid de Shorcas Sciála na hOstaire cuireann sé thart ar 200km fánaí ar fáil do gach leibhéal. Beidh Clárscimeálaithe Sneachta sásta anseo le 12km de chúrsaí dírithe 'clárscimeáil sneachta amháin' agus páirc spraoi dá gcuid féin acu. Tá clú bainte amach ag an après-ski atá ann – toghadh chuig barr an liosta é de na hionaid saoire après-ski is mó tóir orthu. Le 40 both sléibhe teolaí, go leor beáir sciála, tithe tábhairne agus dioscónna, is cinnte go mbeidh siamsaíocht ann duit.

Tá Söll fós mar ionad saoire atá go maith do thosaitheoirí (tá fánaí naíolainne díreach taobh amuigh den shráidbhaile) agus do theaghlaigh. Is féidir leat scátáil oighir a dhéanamh ar Loch Moorsee nuair atá sé reoite agus trial a bhaint as curláil nó tobaganáil. Tá ionad spóirt ann freisin le linnte snámha laistigh agus faoin aer. Dóibh siúd a bhíonn ag siopadóireacht, níl **Innsbruck** ach uair an chloig ar shiúil, an baile inar thosaigh Swarovski Crystal amach.

Is féidir na cinn scríbe thuas ar fad a chur in áirithe le Topflight www.topflight.ie nó ar an bhfón ag 01 240 1700 agus www.crystalski.ie nó glaoigh ar 01 433 1010.

Foghlaim
Is cuma cén leibhéal atá agat, tá sé tábhachtach ionad saoire a roghnú a thabharfaidh neart spáis duit chun do theicníc a chleachtadh.

Tá an chomhairle seo a leanas ag Leóin McCarney ó Chlub Sciála na hÉireann: "Mura raibh siad ag sciáil cheana caithfidh siad ceacht a thógáil chun cleachtadh a fháil ar an trealamh, ag cur orthu na buataisí srl. Más rud é go raibh cúpla seachtain acu ar an sneachta ach nach bhfuil siad cinnte [faoina leibhéal] is féidir leo measúnú a fháil." Molann sí do sciálaithe leibhéal an titim sneachta atá faighte ag ionad saoire a sheiceáil roimh ré sa chaoi nach mbeidh díomá orthu. "Caithfidh siad a bheith ar an eolas faoin airde atá ag a gceann

scríbe agus an minicíocht atá leis an titim sneachta ann," arsa McCarney.

Trealamh Sciála
Tá sé ríthábhachtach rialú ceart a dhéanamh ar theocht do choirp ar na fánaí. Tá sraitheanna ag croílár na ceiste.
Is í an sraith is gaire don chraiceann is tábhachtaí. Nuair a éiríonn maothas fuar go tapa ar do chorp, tá tú i mbaol tinnis. Mar sin, tá Lifa a bhaineann maothas uait go maith ag teastáil. Tá polapróipiléin sna Lifanna is bunúsaí, plaisteach atá thar a bheith éifeachtach ag baint uisce ón gcorp. Tá siad frithbhaictéarach freisin, mar sin is féidir leat iad a chaitheamh ar feadh cúpla lá sula gcaithfidh tú iad a níochán.

Don sraith láir, is é rud éadrom solúbtha is oiriúnaí do sciáil – barréide micra-lomra mar shampla. Ba chóir do bhrístí a bheith inslithe. Beidh gaiter inmheánach ag brístí maithe sciála freisin, fabraic uiscedhíonach a dhúnann timpeall ar do bhuatais sciála chun stop a chur le sneachta dul isteach i do bhrístí.

Teastaíonn láimhíní inslithe uiscedhíonach agus ní leor gnáthstocaí ar do chosa mar gheall go mbíonn deargadh agus cloig mar thoradh orthu. Ar d'aghaidh, beidh spéaclaí gréine le cosaint ard UV ag teastáil chomh maith le huachtar gréine chun do shrón agus do liopaí a chosaint.

Mar sin ar aghaidh leat…

Tugann an Golden Compass dúshlán do Harry Potter

Ag cuartú scannán maith teaghlaigh an Nollaig seo? Cé go bhfuil roinnt bheag amhras air, molann Ronan Power an aistir eachtraíocht as an ngnáth seo:

Bunaithe ar an úrscéal móréilimh le Philip Pullman a bhfuil go leor duaiseanna bainte amach aige, insíonn *The Golden Compass* an chéad scéal i dtríológ "His Dark Materials" de chuid Pullman, a chuimsíonn na leabhair *The Golden Compass, The Subtle Knife* agus *The Amber Spyglass*. Is eachtra corraitheach fantaisíochta é *The Golden Compass*, atá lonnaithe i ndomhan malartach ina léiríonn anamacha daoine iad féin mar ainmhithe, ina mbíonn béir atá in ann labhairt ag troid cogaí, agus ina bhfuil Gyptians agus caillí ina gcónaí lena chéile. Tá na leabhair bunaithe timpeall ar phríomhcharachtair óga seanchríonna, a bheidh ag comhrac i gcoinne an t–olc bunaigh agus an méid atá i ndán don chruinne idir lámha acu. Is é Pullman an chéad údar do pháistí a bhain amach an duais clúiteach Whitbread do Leabhar na Bliana sa RA.

Ag croí an scéil tá Lyra (leis an aisteoir nua Dakota Blue Richards sa pháirt), cailín 12 bhliana d'aois a thosaíonn amach ag iarraidh cara a tharrtháil atá fuadaithe ag eagraíocht mhistéireach ar a dtugtar na Gobblers – agus críochnaíonn sí suas ar thóraíocht eipiciúil ní hamháin chun a domhan féin a shábháil, ach ár ndomhan freisin. Tá foireann aisteoirí mór le rá sa *Golden Compass*, lena n–áirítear Nicole Kidman, Daniel Craig (an James Bond is déanaí), Sam Elliott agus Ian McShane. Tá an scannán scríofa agus stiúrtha ag Chris Weitz *(About A Boy, American Pie* agus *Antz)* agus léirithe ag Deborah Forte agus Bill Carraro *(Frequency)*. Is iad Andrew Miano agus Paul Weitz (*In Good Company*) atá mar léiritheoirí feidhmiúcháin.

Tá an scannán eisithe ag New Line Cinema, an stiúideo céanna a d'eisigh an triológ *Lord of the Rings*. Is geall atá i bhfad níos casta é *The Golden Compass* a chur in oiriúint don scáileán mór áfach. An babhta seo, tá New Line ag dul i ngleic le scéal atá frith–reiligiúnach dar le go leor daoine, scríofa ag aindiachaí neamhbhalbh a mheascann carachtair síscéil le diagacht Chríostaí. Fágann sé seo ar fad in áit contúirteach iad, ag iarraidh lucht leannta a bhaineann sult as dúcheisteanna fealsúnacha Pullman a shásamh gan cur as do na sluaite luachmhara Críostaí.

D'fhoilsigh Scholastic an *Golden Compass* sa Ríocht Aontaithe den chéad uair i 1995 faoin ainm Northern Lights, agus roghnaigh breithiúna an Carnegie Medal mar cheann den 10 leabhar do pháistí is tábhachtaí le 70 bliain anuas é. Foilsíodh *The Subtle Knife* i 1997, agus lean *The Amber Spyglass* é i 2000.

Arbh eol duit go bhfuil lucht leannta Pullman san iomaíocht le lucht leannta J.R.R. Tolkien agus J.K. Rowling sa díograis atá acu? Sna trí bhliana a thóg sé chun *The Golden Compass* a thabhairt chuig an scáileán, rinne siad scannáin bhaile chun a mianta a shásamh. Ar suíomhanna idirlín cosúil le HisDarkMaterials.org agus BridgetotheStars.net, tá cuntas acu ar gach athrú beag atá idir an script scannáin agus an t–úrscéal.

Chuaigh New Line i muinín Chris Weitz don scannán $180 milliún atá lán de mhaisíocht, stiúrthóir is fearr aithne air dá choiméidí rómánsacha. Is é an scannán is daoire a bhí aige ná *Down To Earth* i 2001, le buiséad de $35 milliún. Tá sé ráite ag Weitz gurb é *The Golden Compass* "an saothar is tábhachtaí i mo shaol." Is cinnte gurb é an ceann is mó agus is costasaí é. Tá 1,100 seat maisaíochta sa scannán atá cruthaithe i leathdhosaen tithe maisíochta nó mar sin. Go deimhin, is rud cáiliúil é go raibh Weitz an oiread sin idir dhá chomhairle faoi cé chomh ollmhór agus a bhí an scannán gur éirigh sé as i 2004 agus níor tháinig sé ar ais ach tar éis gur bhris an stiúideo an fear a thóg a áit, an stiúrthóir Anand Tucker, as a phost.

Is eachtra corraitheach fantaisíochta é *The Golden Compass* don teaghlach ar fad go háirithe má tá tú sásta an plé reiligiúnda a bhí ann le déanaí faoi na leabhair seo agus an scannán seo go háirithe a fhágáil ar leataobh. Más rud é gur thaitin *The Lord of the Rings* agus *The Chronicles of Narnia* leat is cinnte gur ceann eile duit é seo. Os rud é go bhfuil na scannáin seo agus an sraith *Harry Potter* chomh rathúil sin déarfainn go mbeidh go leor eile den chineál seo úrscéal ag teacht chuig an scáileán mór agus an scáileán beag le buiséid ollmhóra taobh thiar dóibh.

Bain sult as..

Éachtaí an-speisialta i Shanghai

San eagrán deiridh, ghuíomar gach rath ar George Hanlon agus é ag dul go Shanghai le bheith ag obair mar oibrí deonach leis na Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda i mí Dheireadh Fómhair. Is mór linn tuairisciú gur éirigh thar cionn leis, mar a gcéanna leis na foirne peile a raibh sé ag tacú leo.

I measc an lucht Éireannach bhí Foireann na hÉireann (na 142 lúthchleasaí agus 55 Chóitseálaí), Foireann 2007 (na 200 oibrí deonach na gCluichí Oilimpeacha a chabhraigh ag na cluichí) agus níos mó ná 500 baill theaghlaigh agus lucht féachana. Tar éis an searmanas oscailte mórthaibhseach, thosaigh an comórtas i gceart le 'deighilt.' Is ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta amháin a bhíonn an comórtas seo ann, chuireann lúthchleasaithe i ngrúpaí de réir an cumas atá acu. Cinntíonn sé seo go bhfuil an comórtas cothrom.

Bhí baint agamsa leis na foirne peile agus os rud é nach raibh bonn bainte amach ag aon chluichí domhanda roimhe seo bhí a fhios againn cén post a bheadh romhainn. Briseadh an treocht seo ar bhealach iontach le foireann 11-an-taobh na bhFear ag baint amach boinn óir, ár bhfoireann 5-an-taobh na mBan ag fáil boinn chré-umha agus an fhoireann 5-an-taobh na bhFear ag cailleadh amach ar bhoinn chré-umha de bharr cúl an-déanach chun an 4ú háit a bhaint amach.

San iomlán d'éirigh leis an 142 lúthchleasaí Éireannach 119 bhonn a thabhairt abhaile leo, rud a bhí dochreidthe. Cé gur féidir an rath a bhí againn a thomhais i líon na mbonn is é an fíor rath a bhí ann ná go bhfuair 142 lúthchleasaí an deis chun ionadaíocht a dhéanamh ar son a dtír ar an stáitse domhanda.

Ba mhaith liom buíochas mór a ghlacadh le gach duine a chabhraigh liom an bhrionglóid a bhí agam taisteal agus an tSín do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda trí chabhrú liom airgead a bhailiú. San iomlán bhailigh an 200 oibrí deonach Éireannach níos mó ná €1 milliún le cinntiú go ndéantar forbairt ar chláir do na hOilimpeacha Speisialta i 2008 agus amach anseo a chabhróidh linn an aidhm de 'Áit do gach duine' a chur i gcrích.

George Hanlon (Oifig Chuarda Dhlí Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath) le hoibrithe deonacha Clara Hutchinson agus Stephen Yeltman ag baint sult as Searmanas Oscailte ag na hOilimpeacha Speisialta i Shanghai.

Tá faisnéis bhreise le fáil ag www.specialolympics.ie

léirmheas leabhair

Páipéir an Chogaidh Cathartha seolta sa Halla Cruinn.

Bhailigh daoine móra le rá le chéile sa Halla Cruinn le déanaí, an Príomh-Bhreitheamh, John L. Murray, an iar-Thaoiseach Gearóid Mac Gearailt agus an iar-Cheann Comhairle Rory O'Hanlon ina measc agus John Bowman ag seoladh cuntas ar an ról a bhí ag fear amháin sa Chogadh Cathartha.

'No Surrender Here!' Déanann Páipéir an Chogaidh Cathartha le Ernie O'Malley 1922-1924 cur síos ar an dearcadh a bhí ag fear amháin i leith an chogadh agus an deacracht a bhí aige glacadh le suíochán, an taithí a bhí aige ar a bheith gafa, curtha i bpriosún, dul ar stailc ocrais agus a bheith scaoilte ar deireadh.



An Príomh-Bhreitheamh, John L. Murray le Rory O'Hanlon agus Cormac K.H O'Malley agus leabhar Chormaic á sheoladh sa Halla Cruinn le déanaí.

Sna litreacha seo, éiríonn leis an leabhar léargas a thabhairt ar ghuthanna na ceannaireachta agus na gnáthbhaill: na horduithe scartha agus go minic míchuí ó na ceannairí, agus mearbhall na bhfear, gan buataisí ar a gcosa uaireanta, a bhfuil a fhios acu gur cúis gan dóchas atá acu. Nochtann litreacha do chairde agus an teaghlach na costais níos pearsanta atá ag cogadh.

Tugann na doiciméid seo atá anótáilte go hiomlán, curtha in eagar ag Cormac K.H. O'Malley agus Anne Dolan agus a bhfuil dearcadh na staire tugtha dóibh ag an Ollamh Joe Lee, léargas as an ngnáth ar an meon poblachtach le linn Cogadh Cathartha na hÉireann, dearcadh ar thréimhse atá fós mar ábhar conspóide i stair nua-aimseartha na hÉireann. Tá an leabhar foilsithe ag Lilliput Press agus cosnaíonn sé €55.

Luke O'Neill



this image is used with the permission of David Boyle

Grianghraif d'imeachtaí le déanaí

Lena bpasanna 007 ag cóisir Nollag an chlub sóisialta bhí Kevin Cuffe (Oifig an Dlí Teaghlaigh Dúiche Bhaile Átha Cliath), Tom Sheeran (Oifig Shibhialta na Cúirte Dúiche) agus Lisa Maybury (Seirbhísí Corparáideacha).

Ag an Aifreann bliantúil do bhaill foirne agus breithiúna atá ar shlí na fírinne, (ó chlé) Pat Kearns, Dermot Farrelly agus Pat Mullally.

Tabhair suas do Mark Cunningham (Lároifig Cuntasaíochta na gCúirteanna) é, ag tabhairt dúshlán do James Bond ag cóisir Nollag an chlub sóisialta.

As an oifig... le Patricia Ryan

Ó am go céile d'insíomar duit faoi chaitheamh aimsire suimiúla a bhaineann ár bhfoireann sult astu. An uair seo dírímid ar Patricia Ryan ó Lároifig Cuntasaíochta na gCúirteanna a roinneann cúpla scéil linn faoi saol ar thonn farraige.

Chomh fada agus is cuimhin liom bhí grá agam don fharraige agus mar thumadóir spóirt ar feadh 25 bliain is iomaí eachtra iontach a bhí agam faoi agus os cionn an uisce, ó uiscí dorcha i gCuan Bhaile Átha Cliath agus an iliomad áiteanna tumadóireachta den scoth in Éirinn go háiteanna i bhfad i gcéin cosúil leis an Muir Rua, an tAigéan Ciúin agus an tAigéan Indiach. Cheap mé go raibh sé in am rud éigean a thabhairt ar ais mar sin nuair a tháinig an deis suas, agus Aonad na nGardaí Cósta a bhunú i mBinn Éadar chuir mé isteach air agus fuair mé áit ar an bhfoireann agus mar a deirtear, "tá an chuid eile sa stair!"

Is éard atá i gceist le Gardaí Cósta na hÉireann ná 55 Aonad lonnaithe in áiteanna straitéiseacha timpeall an chósta. Tá sé déanta suas d'oibrithe deonacha, idir fir agus mhná, a thugann a gcuid ama do na Gardaí Cósta, an pobal áitiúil agus iad siúd 'atá i mbaol ar an bhfarraige'. Tá cumas tarrthála aille agus cósta araon ag ár n-aonad agus tá sé bunaithe ar an gcé thiar i gCalafort Bhinn Éadair i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá ceanncheathrú ag Gardaí Cósta na hÉireann ar Lána Líosain i lár Bhaile Átha Cliath. Tá an tIonad Comhordaithe Tarrthála Mara (MRCC) bunaithe ann freisin.

Tá sábháilteacht phearsanta ríthábhacht agus tá freagracht ar gach ball aonair den fhoireann as ach cuirtear oiliúint den scoth ar fáil. I measc na gcúrsaí atá déanta agam tá: Raidió VHF (a úsáidtear don chumarsáid ar fad), garchabhair, bainistíocht chuardaigh, cuadrothair, teicnící cuardaigh aille agus cósta, ag obair le héileacaptair agus deimhniú mótarbháid.

Is é an tarrtháil is mó a fhanann sa chuimhne liom ná i mí na Bealtaine nuair a d'iompaigh canú béal faoi in aimsir an-ghaofar sna huiscí oighreata in inbhear Bhaile Dúill.

Bhíomar ar Phatról Báid i Mullach Íde ag an am agus chuir Gardaí Cósta Bhaile Átha Cliath chuig an suíomh ar an dtoirt muid. Nuair a shroicheamar an áit, fuaireamar linbh dhá bhliain d'aois, buachaill deich mbliana d'aois agus duine fásta ag coinneáil greim ar an gcanú a bhí faoi uisce. D'éirigh linn iad a thógáil ar bord ár mbád 'Gráinne'. Bhí siad ar fad ag fulaingt de bharr hipiteirme. Murach go raibh siad ag caitheamh seaicéid tharrthála d'fhéadfadh sé gur malairt scéil ar fad a bheadh ann.

Má tá suim agat níos mó a fháil amach faoin aonad is féidir leat dul i dteagmháil liom ar 01-888 6107 nó dul chuig an suíomh idirlín atá againn *www.howthcoastguard.com*.

An bhfuil caitheamh aimsire suimiúil agat gur mhaith leat insint dúinn faoi? Ba bhreá linn cloisteáil uait agus b'fhéidir do scéal a insint in eagrán de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna amach anseo. Téigh i dteagmháil le Catriona Nangle ag cnangle@courts.ie nó ar an dteileafón ag: 01-888 6457

Tráth na gCeist Ceoil – cur na cloigíní sin ag clingeadh

Mar gheall ar an tóir a bhí ar an tráth na gceist ceoil in eagrán mí an Mhárta, tá mé á dhéanamh arís ach le blas na Nollag air an uair seo. Mar sin, sna hamanna ciúine idir turcaí na Nollag agus óráid na Banríona, cén fáth nach ligeann tú do scíth leis an teaghlach agus iarracht a dhéanamh fáil amach cé hiad na hamhránaithe agus na teidil atá ag na liricí seo a leanas:

1. "Snow is falling all around me, children playing having fun,
   It's the season, love and understanding."
2. "Are you hanging up a stocking on your wall,
   It's the time that every Santa has a ball."
3. "It's Christmas time, there's no need to be afraid
   At Christmas time, we let in light and we banish shade."
4. "I light a candle to our love and all our problems disappear,
   But all in all we soon discover, that one and one is all we long to hear."
5. "It was Christmas Eve babe, in the drunk tank,
   An old man said to me, won't see another one."
6. "Try to imagine a house that's not a home, try to imagine a Christmas all alone,
   That's where I'll be, since you left me, my tears could melt the snow."
7. "They said ther'll be snow at Christmas, they said ther'll be peace on earth,
   But instead it just kept on raining, a veil of tears for the Virgin birth."
8. "The nights are colder now, maybe I should close the door,
   And anyway the snow has covered all your footsteps,
   And I can't follow you no more."
9. "Hey Mister Churchill comes on over here, to say we're doing splendidly,
   But it's very cold, out here in the snow, marching to and from the enemy."
10. "When the snowman brings the snow,
    Well he just might like to know,
    He's put a great big smile on somebody's face."

Seol do chuig freagraí chuig:
Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7,
nó trí ríomhphost chuig alawlor@courts.ie

Buaiteoir Tráth na gCeist an Mheithimh

Bronnann Helen Priestley (An Oifig Faisnéise) duais ar Pat McCarthy (Oifig an Chuntasóra) as ucht tráth na gceist an Mheithimh a bhuachan.

Is iad na freagraí atá ar thráth na gceist mí Dheireadh Fómhair ná:

1. 147
2. 30
3. 6
4. 10
5. 1,760
6. 32
7. 40
8. 10
9. 99
10. 166

Comhghairdeas le buaiteoir tráth na gceist do mhí Dheireadh Fómhair, Elaine Jones ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt i gCorcaigh.

Frank Lyons, an rúnaí ar Chumann Gailf na Seirbhíse Chúirteanna, ag bronnadh ceamara nua ar Paddy Maher, buaiteoir duais an Chaptaein.

Sean O'Broin (Iniúchadh Inmheánach), agus duais 'Oibrí Deonach na Bliana' 2007 ó Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha á bhronnadh air ag Alec Redmond, Uachtarán ar Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha an RA agus na hÉireann.

Nádúr ag dul i gceannas – crann ag Óstaí an Rí Pictiúr seolta isteach ag an Uasal John C. Madigan

An leanbh nua Diane, 7 seachtaine, lena deartháir mór, Hernan (3 bhliana d'aois) – Páistí William Maher, Oifig an Chuntasóra

Eirí na Gréine sa Chlochán i gCo. Chiarraí, pictiúr tógtha ag Noel A Doherty

Má tá grianghraf agat ar mhaith leat a chur san áireamh in Tríd an Lionsa, seol sa phost é le do thoil chuig: **Tony Lawlor, Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7** nó cur i ríomhphost é chuig: **alawlor@courts.ie**